UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland



# Tuarascáil an Uachtaráin 2024/2025



# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá an Uachtaráin | 4 |
| 2. | Eolas ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh | 6 |
| 3. | Plean Straitéiseach COC 2023 -2028: Go Buan Feasta | 12 |
| 4. | Rathúlacht na Mac Léinn | 17 |
| 5. | Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta | 28 |
| 6. | Coláiste an Ghnó agus an Dlí | 32 |
| 7. | Coláiste an Leighis agus na Sláinte | 36 |
| 8. | Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia | 40 |
| 9. | Taighde agus Nuálaíocht | 44 |
| 10. | Caidreamh Domhanda | 51 |
| 11. | Ár bhFoireann, Ár gCultúr | 56 |
| 12. | Ár nÁit, Lorg Ár gCos | 60 |
| 13. | Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú | 66 |
| 14. | Cothú | 70 |
| 15. | Acmhainní agus Airgeadas | 74 |
| 16. | Fo-Chuideachtaí | 78 |
| 17. | Rialachas | 80 |
| 18. | Tuarisciú Áirithe ar na Meáin | 84 |

# 1. Réamhrá an Uachtaráin

**Cúis mhór áthais dom *Tuarascáil an Uachtaráin, 2024/25* a roinnt libh agus sinn ag machnamh ar ghaiscí na bliana céanna. Cuimsítear sa tuarisic seo an tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus an 30 Meán Fómhair 2025, agus cuirtear ar fáil inti spléachadh ar chuid de na sárthionscnaimh a tharla ar fud COC faoi réir ag na cuspóirí inár *bPlean Sraitéiseach, 2023-2028: Go Buan Feasta.***

180

Bliain de theagasc, foghlaim agus sárthaighde

Táimid tiomanta araon do bharr feabhais inár gcuid cupsóirí straitéiseacha agus mar thoradh air sin, imrímid dea-thionchar ar an tsochaí. Táimid meáite ar dhaoine a nascadh le chéile agus a chumasú chun eolas a chruthú a mhúnlaíonn domhan inbhuanaithe agus ionchuimsitheach. Is mian liom mar sin buíochas a ghábháil leis an iliomad ball foirne, mac léinn agus alumni chomh maith lenár lucht tacaíochta, compháirtithe agus cairde mar go bhfuilid ar fad tiomanta agus tugtha do COC.

Tá dul chun cinn ó thaobh an taighde de ar siúl ag COC i gcónaí leis an gcreat *Todhchaíochtaí COC* agus imríonn taighde agus saineolas tionchar nach beag ar an domhan. Bhaineamar gaiscí amach le linn bhliain na tuarascála seo lena n-áirítear dul chun cinn maidir le maoiniú taighde. Gan ach ceithre bliana caite againn i gclár *Horizon Europe* ghnóthaíomar ní ba mhó na €132 milliún ó dhámhachtainí taighde, rud a sháraigh ár sprioc eagraíochtúil iomlán le haghaidh na seacht mbliana den chlár.

Tá an taighde ceannródaíoch seo againne mar bhonn eolais lenár dteagasc trínár *gCuraclam Cónasctha* agus le linn bhliain na tuarascála seo roghnaigh ní ba mhó ná 26,000 mac léinn ó gach contae in Éirinn agus ó 140 tír dul i mbun staidéir anseo. Táimid tiomanta do mhic léinn uile COC a ullmhú chun dul chun cinn a dhéanamh ina saol agus ina ngairmeacha beatha, agus le linn bhliain na tuarascála seo cuireadh 7,600 céimí lenár bpobal alumni domhanda a sheasann ag níos mó ná 225,000 ball. 95% de na céimithe seo, bhíodar ag obair nó i mbun staidéar breise laistigh de naoi mí. Cuimsítear in éiceachóras foghlama COC cosáin foghlama fadsaoil ina ndéantar ár gcuid taighde a nascadh le cursaí an tsaoil agus ina dtacaítear le foghlaimeoirí ag gach leibhéal uasoiliúint a dhéanamh chun dul i ngleic le hathruithe teicneolaíochta tapaidh agus le hathruithe i margaí post. Sheolamar Acadamh na hInbhuanaitheachta le linn bhliain na tuarascála seo chomh maith chun oiliúint a chur ar fáil dár lucht saothair agus don tsochaí mar thaca leis an aistriú go dtí an inbhuanaitheacht.

Seoladh *Plean um Chaidreamh Domhanda 2024 – 2028* i mí Aibreáin 2025 agus leagtar amach ann ár dtiomantas do bheith mar institiúid a dhéanann caidreamh leis an domhan uile thar cheithre philéar. Beidh siad seo mar thaca dúinn chun barr feabhais a bhaint amach agus snas á chur againn ar mhargaíocht, straitéisí earcaithe mac léinn agus tacaíocht do chláir idirnásiúnta; chun dul i ngleic le mórdhúshláin an domhain inár gcuid taighde, inár gcuid caidrimh le alumni agus sinn mar cheannairí machnaimh; chun lántairbhe a bhaint as ár gcuid gréasán ar mhaithe leis an domhan ar fad, faoi réir ag straitéisí agus tosaíochtaí náisiúnta; agus chun saoránacht dhomhanda a chur chun cinn inár gcuid oideachais, taighde agus caidrimh agus sinn ag cothú tuiscint idirchultúrtha agus ag treisiú COC mar Ollscoil Tearmainn.


Bunaíodh COC 180 bliain ó shin chun teacht ar an ardoideachas a leathnú, agus bua ar leith don ollscoil seo againne i gcónaí is ea ár dtiomantas do na luachanna seo. Le linn bhliain na tuarascála seo chonaiceamar a lán forbairtí móra ina léirítear go bhfuilimid meáite ar chomhionannas, éagsúlacht, ionchuimsiú agus muintearas a chothú do gach ball dár bpobal. Sheolamar ár gcéad *Chreat Oibre agus Plean Gníomaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, Ag Baile in COC 2025-2028*, ghnóthaíomar ár gcéad Ghradam Airigid Institiúideach Athena Swan ó Advance HE agus ghlacamar páirt i bhfeachtas Mhná ar Bhallaí de chuid Accenture, ag roghnú ealaíontóirí chun portráidí nua de mhná ceannródaíocha na Mumhan a phéinteáil.

Aithnítear na gaiscí seo chomh maith lenár dtiomantas do bharr feabhais san ardú seo againne i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS agus sinn anois sa chéad 250 ollscoil ar domhan. Déanann an rangú seo ollscoileanna a thomhas bunaithe ar a mbarr feabhais acadúil, tionchar acadúil, infhostaitheacht agus tiomantas d'inbhuanaitheacht, agus léiriú is ea an dul chun cinn seo ar thiomantas ár bpobail uile.

Cuid lárnach dár straitéis is ea tiomantas leanúnach don inbhuanaitheacht, agus le linn bhliain na tuarascála seo thángamar sa cheathrú háit i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric* a thagarmharcálann dul chun cinn na n-ollscoileanna ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san Ardoideachas. Tá an t-aitheantas seo faoi réir ag ár dtiomantas chun Cuspóirí Forbartha Inbhuanaiteh na Náisiún Aontaithe a bhaint amach agus léiríonn sé an dul chun cinn ata déanta againn maidir le fuinneamh, dramhaíl agus oideachas.

Bhí dúshláin i gceist i rith na bliana leis, agus sinn ag plé le brú airgeadais i gcónaí. Bhí pleanáil thomhaiste mar thaca lenár dtiomantas d'inbhuanaitheacht airgeadais san fhadtéarma, agus bhíomar in ann tús a chur an athuair le clár caipitiúil teoranta a bhí dírithe ar thionscadail athchóirithe agus críoch á cur againn le pleananna fadtéarmacha dár gClár Caipitiúil leathan.

Comórfaimid 180 bliain de bharr feabhais an bhliain seo chugainn agus beidh an dara leath dár bPlean Straitéiseach reatha á cur i bhfeidhm againn. Agus sinn ag obair chun ról buan a imirt sa domhan agus chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú, táimid tiomanta i gcónaí dár gcroíluachanna chun barr feabhais a chothú, chun daoine a cheiliúradh agus chun dea-thionchar a imirt ar an saol lasmuigh dár gcampas.
Sa bhliain atá romhainn, beimid ag obair chun a bheith aitheanta ar fud an domhan mar ollscoil chónasctha a bhfuil dea-theist ortainn as barr feabhais taighde i réimsí ar leith, as oideachas atá feabhsaithe go digiteach agus as bheith mar rogha áit le haghaidh staidéir iarchéime.



**An tOllamh John O'Halloran MRIA**
An tUachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh



**An tOllamh John O'Halloran MRIA**
An tUachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# 2. Eolas ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh

**Ollscoil chuimsitheach, bunaithe ar thaighde agus ar chúrsaí domhanda is ea Coláiste na hOllscoile Corcaigh (COC) ina bhfuil níos mó ná 26,000 mac léinn, 3,700 ball foirne agus níos mó ná 225,000 alumni ar fud na cruinne. Mol bríomhar teagaisc, taighde agus caidrimh is ea COC agus é an gcampas ollscoile is inbhuanaithe in Éirinn.**

ó
115
mac léinn in 1849…
…ó
26,067
mac léinn in 2025

Bunaíodh Coláiste na hOllscoile Corcaigh sbhliain 1845 agus Ollscoil na Banríona, Corcaigh a tugadh air an uair úd agus é ar cheann de thrí cholaiste a bunaíodh faoi Acht Ollscoileanna na Banríona (Éire) 1845. Fís mhisniúil (ag an am) a bhí taobh thiar de bhunú Choláiste na hOllscoile Corcaigh chun oideachas den chéad scoth a chur ar fáil a bhí bunaithe ar phrionsabail an fheabhais, an fhiosrúcháin agus an chomhionannais.

Tá na prionsabail chéanna chomh tábhachtach sa lá atá inniu ann agus a bhí siad 180 bliain ó shin. Nuair a chuir an ollscoil seo fáilte roimh mhic léinn sa bhliain 1849, ní raibh ach 23 ball foirne agus 115 mac léinn ann agus fir ea iad ar fad. Sa bhliain 1886 bhíomar i measc an fhíorbheagáin ollscoileanna san Eoraip a ghlac le mic léinn bhaineanna, agus leanaimid leis an spiorad forásach sin inniu. Tagann mic léinn agus baill foirne COC ó raon leathan cúlraí agus ó 140 tír eagsúil agus cruthaíonn siad timpeallacht lán d'éagsúlachtaí agus de shaibhreas dúinn. Ó laethana luatha na hollscoile seo againne, tá sí tar éis bláthú mar institiúid a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthí as a cur chuige atá dírithe ar mhic léinn chomh maith lena cuid léinn chríochnúil, taighde cheannródaíoch agus buantiomantais do chur leis an tsochaí.

Go maíteach is ea a chuireann COC le cúrsaí tionslaíochta, cultúrtha agus eacnamaíochta agus léiríodh i staidéar a deineadh sa bhliain 2024 ar an tionchar a imrímid go raibh ról nach beag ag COC i mborradh eacnamaíoch, cur chun cinn an chultúir, forbairt inbhuanaithe agus folláine. Gineann COC €1.18 billiún mar thionchar eacnamíoch bliantúil agus soláthraíonn €6 do gheilleagar na hÉireann as gach euro a fhaigheann sé mar infheistíocht ón stát. Cruthaímid €3.2 milliún in aghaidh an lae ag tacú le níos mó ná 21,000 post - ceann as gach 13 i gcathair agus i gcontae Chorcaí.

Bronntar 7,500 céim in aghaidh na bliana in COC, cuireann sé go mór le lucht saothar ardoilte agus bíonn 95% dá chuid céimithe ag gabháil do staidéar breise nó ag obair go lánaimseartha laistigh de naoi mí tar éis dóibh céim a ghnóthú. Tá ráta coinneála 92% aige i measc mhic léinn na chéad bhliana. Cuireann COC go mór leis an tsochaí lena chuid tionscnamh inbhuanaithe, leis an gcaidreamh claochlaitheach a dhéanann sé leis an bpobal agus leis an tiomantas leanúnach atá aige d'ionchuimsiú agus do shaibhreas cultúrtha.

Mórchomhartha láidir de thionchar na hollscoile seo is ea Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chuirimid chun cinn go leanúnach agus sinn chun tosaigh maidir le slándáil bhia, cathracha inbhuanaithe, úsáid fhreagrach, sláinte an aigéin agus síocháin le gníomhartha i gcomhar.

**Cuireann COC an iliomad clár oideachais agus taighde éagsúil ar fáil i 27 scoil laistigh de cheithre Choláiste mar seo a leanas:**

## Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta

- Scoil na Síceolaíochta Feidhmí
- Scoil an Staidéir Shóisialta Fheidhmigh
- Scoil an Oideachais
- Scoil an Bhéarla agus na nDaonnachtaí Digiteacha
- Scoil na Staire
- Scoil na Timpeallachta Daonna: Tíreolaíocht, Seandálaíocht agus Clasaicí
- An Scoil Teangacha, Litríochtaí agus Cultúr
- Scoil Léann na Gaeilge
- An Scoil Scannánaíochta, Ceoil agus Amharclannaíochta
- An Scoil Sochaí, Polaitíochta agus Eitice

## Coláiste an Ghnó agus an Dlí

- Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí
- Scoil an Dlí

## Coláiste an Leighis agus na Sláinte

- Scoil na Sláinte Poiblí
- Scoil na dTeiripí Cliniciúla
- Scoil na Cógaisíochta
- Scoil an Leighis
- Scoil agus Ospidéal na Fiaclóireachta
- An Scoil Altranais agus Cnáimhseachais

## Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia

An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhain agus Comhshaoil

- Scoil na Bithcheimice agus na Cillbhitheolaíochta
- Scoil na Ceimice
- Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Theicneolaíocht na Faisnéise
- Scoil na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta
- Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha
- Scoil na nEolaíochtaí Matamaiticiúla
- Scoil na Micribhitheolaíochta
- Scoil na Fisice

4
Choláiste

27
Scoil



Glacadh an grianghraf thuas ag ócáid Taispeántas Iontaisí Chorcaí in Áiléar Glucksman mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta 2024. Griahghraf le Clare Keogh.

## Rangú

Le linn bhliain na tuarascála seo, tháinig ardú 27 áit ar COC i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS, an áit ab airde againn le deich mbliana, agus neartaíomar ár stádas idirnáisiúnta agus méadú bainte amach againn go dtí an ceathrú háit ar fud an domhan i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric*.

Tá COC i mbanda 101-150 i Rangú Tionchair Times Higher Education.

I Rangú Ollscoileanna Domhanda QS de réir Ábhair, luadh COC ní ba mhinice ná riamh agus é ní b'airde ná riamh leis.

Tá Altranas rangaithe sa 27ú háit ar domhan agus Eolaíochtaí Talmhaíochta agus Dlí sa 84ú háit agus sa 94ú háit faoi seach.

Tá Fiaclóireacht agus Eolaíochtaí Béil chomh maith le hEolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia sa chéad 50 i Rangú Acadúil na nOllscoileanna Domhanda (ARWU) a dtugtar Rangú Shanghai air leis. Rangaíodh Micribhitheolaíocht sa 63ú háit ar domhan ar US News maidir leis na hOllscoileanna Domhanda is Fearr.



### UCC Ábhar/Disciplíní a bhí sa chéad 100 de Rangú Ábhar Domhanda

**Rangú QS World University de réir Ábhair**

| Ábhar/Disciplín | Rangú Domhanda |
|---|---|
| Altranas | 27 |
| Na hEolaíochtaí Talmhaíochta | 84 |
| Dlí | 94 |
| Na Taibhealaíona | 51-100 |

**Rangú Domhanda Shanghai na nÁbhar Acadúil**

| Meáin shóisialta Spóirt COC | Rangú Domhanda |
|---|---|
| Fiaclóireacht agus Eolaíochtaí Béil | 36 |
| Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia | 46 |

**Rangú Ábhar *US News***

| Ábhar/Disciplín | Rangú Domhanda |
|---|---|
| Micribhitheolaíocht | 63 |
| Na hEolaíochtaí Talmhaíochta | 87 |

**246**

ar Bhonn Domhanda i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS

An 4ú hollscoil is inbhuanaithe ar domhan i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric*

**101–150**

I Rangú Tionchair *Times Higher Education*



# Bliain in COC

**>225,000**
Alumni ar fud an Domhain

**95%**
Mar Infhostaitheacht Céimithe

**8,040**
Mac léinn iarchéime

**18,027**
Mac léinn fochéime

**24%**
de Mic Léinn ar Chosáin Rochtana

**7,676**
Bronnadh Céimeanna

**1,297**
Mac léinn PhD

**26,067**
Mac léinn cláraithe

**246**
An áit i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS

**3,716**
Ball Foirne Acadúil, Taighde agus Riaracháin

**5,354**
Mac Léinn Idirnáisiúnta (21%) as 140 tír

**an 4ú**
hÁit ar fud an domhain i Rangú *UI GreenMetric*

**2,632**
Mac Léinn in Aosoideachas Leanúnach

**€572m**
Mar Ioncam iomlán na Blana

**45**
Cumann

**30%**
den Fhoireann Acadúil ón iasacht

**92.4%**
Ráta Coinneála mhic léinn na chéad bhliana

**118**
Club

# 3. Plean Straitéiseach COC 2023 -2028: Go Buan Feasta

## Ár bhFís

Déanann COC daoine a nascadh le chéile agus cuireann sé ar a gcumas eolas a chruthú a mhúnlaíonn domhan inbhuanaithe agus ionchuimsitheach.


## Ár Misean

Tá sé mar mhisean ag COC timpeallacht agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú agus a chothú a éascaíonn taighde agus foghlaim chlaochlaithe ar mhaithe leis an tsochaí agus lenár bpláinéad.

## Ár Luachanna

Tá ar mbunluachanna mar threoir dár ngníomhartha agus dár bpróisis agus mar thaca leo. Scríobhtar iad as Béarla mar neamónach den fhocal Gaeilge ‘Cairdeas’:

| C | A | I | R | D | E | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhbhá | Lúfaireacht | Ionracas | Meas | Fionnachtain | Cothromas | Cuntasacht | Inbhuanaitheacht |




Léigh a thuilleadh faoinár [bPlean Straitéiseach, 2023 -2028: Go Buan Feasta]



## Strategic Goals

| CUSPÓIR 1 | CUSPÓIR 2 | CUSPÓIR 3 | CUSPÓIR 4 | CUSPÓIR 5 |
|---|---|---|---|---|
| Taighde agus Nuálaíocht | Rathúlacht na Mac Léinn | Caidreamh Domhanda | Ár bhFoireann, Ár gCultúr | Ár nÁit, Lorg Ár gCos |
| **Taighde agus nuálaíocht a imríonn dea-thionchar.** | **Eispéireas bunaithe ar mhic léinn atá ionchuimsitheach agus feabhsaithe go digiteach.** | **Teist idirnáisiúnta COC a fhás chun cur lenár dtionchar domhanda.** | **Plean Daoine agus Cultúir atá forásach agus ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm.** | **Ár gcleachtais a leasú chun ár gcuspóirí inbhuanaitheachta agus aeráide a bhaint amach.** |

### Tá sé mar aidhm i bPlean Straitéiseach COC go dtí an bhliain 2028:

- Go mbeadh clú ar COC as ár gcuid taighde ar leith i sainréimsí bairr feabhais.
- Go mbeadh sé mar ollscoil ina bhfuil timpeallacht atá feabhsaithe ar bhonn digiteach chun curaclam bunaithe ar thaighde a chur ar fáil.
- Go mbéadh sé mar rogha ollscoil sa staidéar iarchéime i sainréimsí taighde den chéad scoth.
- Go mbeadh sé mar ollscoil chónasctha ina gcuirtear le tionchar domhanda agus é rangaithe sa chéad 250 ollscoil ar fud an domhain.
- Go mbeadh sé mar áit chothrom, chomhionann agus ionchuimsitheach.
- Go mbeadh sé mar ollscoil chónasctha a bhfuil caidreamh éifeachtach déanta aige leis na páirtithe leasmhara go léir.



3

dhámhachtain nua Chomhairle Taighde na hEorpa

3

Mhac-Chuideachta

20.5:1

Cóimheas Mac Léinn is Ball Foirne

## A bhfuil bainte amach againn le linn bhliain na tuarascála seo

**CUSPÓIR 1**
Taighde agus Nuálaíocht

**Taighde agus nuálaíocht a imríonn dea-thionchar.**

Tá sé mar aidhm ag **Cuspóir 1** taighde agus nuálaíocht a sholáthar a imríonn dea-thionchar agus a chuireann leis an dea-theist ó thaobh taighde ar leith. Ar na gaiscí le linn bhliain na tuarascála seo bhí: 295 clárú dochtúireachta nua, ceithre dheontas nua ó Chomhairle Taighde na hEorpa, gnóthaíodh 179 dámachtain ó *Horizon Europe* dar luach ní ba mhó ná €132 milliún agus seoladh trí mhac-chuideachta *(Vivid Photonics, Juvant* agus *PulpoSemi).*

**CUSPÓIR 2**
Rathúlacht na Mac Léinn

**Eispéireas bunaithe ar mhic léinn atá ionchuimsitheach agus feabhsaithe go digiteach.**

Tá sé mar aidhm ag **Cuspóir 2** timpeallacht dhigiteach foghlama agus ionchuimsitheach a chur ar fáil atá dírithe ar mhic léinn chomh maith le *Curaclam Cónasctha* agus eispéireas iontach do na mic léinn, i dtreo is go mbeidh COC mar rogha ollscoil le haghaidh an staidéir iarchéime. Rinneadh dul chun cinn nach beag le linn bhliain na tuarascála seo agus laghdaíodh an cóimheas idir mic léinn agus baill foirne le pointe amháin go dtí 20.5:1. Tá 95% de chéimithe ar bronnadh fochéim orthu fostaithe nó i mbun staidéar breise laisitigh de naoi mí tar éis dóibh céim a fháil. Ghnóthaíomar leis le linn bhliain na tuarascála seo céanna iontógáil fochéime in COC de 24% ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Chomh maith leis sin cuireadh tús leis an gcéad iontógáil don chéim threasach BSc saTeiripe Shaothair i gcomhar le ETB Chorcaí agus Chiarraí.

**CUSPÓIR 3**
Caidreamh Domhanda

**Teist idirnáisiúnta COC a fhás chun cur lenár dtionchar domhanda.**

Tá sé mar aidhm ag **Cuspóir 3** teist idirnáisiúnta COC a fhás agus tionchar domhanda a leathanú. Le linn bhliain na tuarascála seo, sheolamar *An Plean um Chaidreamh Domhanda 2024-2028* agus chuireamar críoch le tionscadal chun branda na hollscoile a athnuachan i gcúrsaí margaíochta, cumarsáide agus idirlín, agus sna meáin shóisialta. Tháinig méadú stairiúil 20%, líon ní ba mhó ná riamh, ar líon ma mac léinn a thaistil ó thíortha eile. Tháinig feabhas ar an áit a bhain COC amach ar Rangú Ollscoileanna Domhanda QS go dtí 246, 27 n-áit ní b'airde ná an bhliain roimhe. Anuas air sin, ghnóthaíomar ioncam daonchairdis dar luach €8.2 milliún chomh maith le €5.4 milliún mar airgead tirim a fuarthas ó thiomantais stairiúla agus sheolamar ardán nua chun caidreamh a dhéanamh le alumni agus ardán chun tabhartais ar líne a dhéanamh.

**CUSPÓIR 4**
Ár bhFoireann, Ár gCultúr

**Plean Daoine agus Cultúir atá forásach agus ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm.**

Tá se mar aidhm ag **Cuspóir 4** plean forásach *Daoine agus Cultúir* a chur i bhfeidhm d'fhonn foireann den scoth a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Rinneadh forbairt ar an *bPlean Daoine agus Cultúir, 2025-2028* le linn bhliain na tuarascála seo agus seoladh tionscadal nua dar teideal *Culture Evolution Project*. Bronnadh Gradam Airgid Institiúideach *Athena Swan* orainn den chéad uair chomh maith lenár gcéad ghradam Airgid ag leibhéal na Scoile ar bronnadh ar Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha. Ghnóthaigh dhá roinn gradaim chré-umha chomh maith. Ina theannta sin, ghnóthaigh COC an tríú hathnuachan dá Dhámhachtain Taighde i mBarr Feabhais HR ón gCoimisiún Eorpach.

**CUSPÓIR 5**
Ár nÁit, Lorg Ár gCos

**Ár gcleachtais a leasú chun ár gcuspóirí inbhuanaitheachta agus aeráide a bhaint amach.**

Tá sé mar aidhm ag **Cuspóir 5** athrú ó bhonn a dhéanamh ar chleachtadh agus úsáid an spáis agus na teicneolaíochta chun ár gcuid cuspóirí maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Rangaíodh COC sa cheathrú háit ar domhan ó thaobh na hinbhuanaitheachta de i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric*. Seoladh Acadamh Inbhuanaitheachta COC chun oiliúint agus uas-oiliúint a sholáthar le haghaidh gníomhartha inbuanaitheachta inár lucht saothair agus sa tsochaí. Baineadh amach laghdú 4.5% i Scóp 1 agus 2 d'Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa ó leibhéil bhunlíne 2016/18.

Iontógáil

24%

Rochtana

21%

Mic Léinn Idirnáisiúnta

3

Ghradaim nua Athena Swan

Lagdú

4.5%

ar Ghás Ceaptha Teasa



# 4. Rathúlacht na Mac Léinn

## 4.1 Gnóthaí Acadúla

### Pobal na Mac Léinn

Le linn 2024/25, bhí 26,067 mac léinn cláraithe in COC (+9.7% ar an mbliain roimhe). Mic léinn Éireannacha ab ea 20,713 (79%) díobh seo, bhí 1,768 (7%) díobh ó thíortha AE eile agus 3,585 (14%) díobh ó thíortha eile arís. Tháinig an 5,353 mac léinn idirnáisiúnta as 140 tír agus náisiúntacht, agus an líon ba mhó díobh as an tSín, SAM agus an India. Ar an iomlán, bhí 18,027 mac léinn (69%) cláraithe ar chúrsaí fochéime agus 8,040 mac léinn (31%) cláraithe ar chúrsaí iarchéime, lena n-áirítear 1,267 mac léinn dochtúireachta. Bhí ráta ard coinneala i gceist agus lean 88% de mhic léinn ar aghaidh go dtí an dara bliain den chéim ar thosaigh siad léi. Rinne 3% de mhic léinn an chéad bhliain an athuair agus bhí 2% a dhein an chéad bhliain de chúrsa eile, rud a fhágann go raibh ráta coinneála de 92.4% ann ar deireadh.

### Iontráil Fochéimithe

3,381 iontógáil iomlán fho-chéimithe na chéad bhliana in COC tríd an LOI (An Lár-Oifig Iontrála), an líon céanna is a bhí ann bliain roimhe sin. Tháinig fás ar an éileamh in COC ar iarratais iomlána (+3%) agus ar chéad roghanna (+4%) i gcomparáid leis an mbliain 2023. Lean COC leis an 13% den éileamh atá aige ar iarratas Leibhéal 8, agus bhí scoithphointí i gcás cuid mhaith clár ard i gcónaí in 2024. Tháinig fás suntasach ar iontrálacha idirnáisiúnta (+8%), agus tháinig ní ba mhó ná 4,8000 iarratas ó iarrthóirí an AE (neamh-Ardteistiméireachta), rud a sheas do bhorradh 9.6% ar an éileamh.

### Iontráil Iarchéimithe

Bhí 194 clár ar fáil ar phunann chláir iarchéime mhúinte COC le linn na bhliain na tuarascála seo. Ba chosúil líon na mac léinn Éireannach agus AE (2,629) ar chláir iarchéime mhúinte agus an bhliain roimhe sin (-1%), agus tháinig laghdú 12% ar líon na mac léinn idirnáisiúnta go dtí 920. 396 líon iomlán na mac léinn iarchéime taighde nua: 263 Éireannach/AE (+16%) agus 133 ó lasmuigh den AE (+5%). Bhí 233 mac léinn PhD ar cuairt le linn bhliain na tuarascála seo (Éireannacha agus idirnáisiúnta). Ar an iomlán, bhí 1,458 mac léinn taighde ann thar gach bliain staidéir, beagáinín ní ba mhó ná an bhliain roimhe.

### Iontráil Rochtana

Sa bhliain 2024, 24% d'iontrálaithe fochéime b'iontrálaithe Rochtana iad, rud a sheas do mhéadú 3% ar an mbliain roimhe. Tá níos mó ná 4,500 mac léinn cláraithe le Seirbhísí Tacaíochta Mí-Chumais anois. Tagann na mic léinn seo isteach ar chosáin HEAR agus DARE nó is mic léinn lánfhásta iad nó táid ar bhealaí iontrála QQI/FE. Tá foireann Rochtain COC ag plé ar shlí nach beag le thart ar 7,000 mac léinn ionchasach agus le tuismitheoirí ar fud na Mumhan le laethanta chun saol na hollscoile a bhlaiseadh agus le tionscnaimh chaidrimh, clubanna oibre baile, teicneolaíocht chúnta agus tacaoíochtaí acadúla.

Mar thaca le clár oibre Rochtain COC, chuir Ionchuimsiú COC tús le suaitheantas Digiteach i nDearadh Uilíoch lasmuigh den Seomra Ranga chun cleachtas ionchuimsitheach a leathnú le timpeallachtaí teagaisc

Grianghraf thall: Bronnadh Céimeanna Eolaíochtaí Leighis agus Sláinte 2024

Mic Léinn Iarchéimithe
**31%**

Mic Léinn Idirnáisiúnta
**21%**

**3**
Ghradaim nua Athena Swan

Ráta Coinneála
**92.4%**
de mhic na chéad bhliana

agus foghlama digití. Phléigh baill foirne theicniúla, taighde agus ghairmiúla le cuir chuige fhor-rochtana a fhorbairt atá dírithe ar mhic léinn maidir le gach gné de shaol na hollscoile.

Leanadh leis an éabhlóid ar na tacaíochtaí do mhic léinn Rochtana. Le linn bhliain na tuarascála seo, cuireadh le ceardlanna na Teiripe Saothair do mhic léinn atá cláraithe le Seirbhísí Tacaíochta Mí-Chumais, inar díríodh ar scileanna bunúsacha lena n-áirítear feidhmiúchán, bainistiú ama agus comhtháthú céadfach d'fhoghlaimeoirí. Chun dul i ngleic leis an ardú ar chostais, mhéadaigh Rochtain COC luach dhámhachtainí sparánachta HEAR agus chuir tús le sprioc-sparánachtaí iostais. Feabhsaíodh sparánachtaí socrúchán agus cruatain chun tacú le mic léinn a thuilleadh agus soláthraíodh ní ba mhó ná €2.7 milliún mar chúnamh díreach airgeadais chun go leanfaí le páirt a ghlacadh san ardoideachas.

## Cosán Oideachais Tríú Leibhéal

Seoladh cosán nua céime treasaí i dTeiripe Shaothair i mí Mheán Fómhair 2025. Cuirtear ar fáil ann slí nua chun clár fochéime sa Teiripe Shaothair a fháil lasmuigh den chóras LOI, i dtreo is go mbeidh teacht ag níos mó mac léinn air agus é á chur ar fáil ag COC agus ag Coláistí Breisoideachais Chorcaí agus Chiarraí. Forbraíodh an cosán nua seo faoi réir ag polasaí an rialtais maidir le Córas Treasach Aontaithe a Chur chun Cinn i bhFoghlaim, Scileanna agus Eolas. Tá sé mar mhórchuspóir straitéiseach ag COC go gcuirfí éagsúlacht i bpobal na mac léinn agus cuirtear deiseanna nua ar fáil sa BSc i dTeiripe Shaothair chun cur lenár mbealaí iontrála.

## Micri-Chreidiúintí

Arna mhaoiniú ag Piléar 3 de Thionscnamh um Chaipiteal Daonna Rialtas na hÉireann, tá tionchar nach beag imeartha ag tionscadal na Micri-Chreidiúintí, faoi stiúir Chumann Ollscoileanna Éireann, ar COC agus lasmuigh de. Ó thionscadal píolótach de thrí mhicri-chreidiúint, tá punann de níos mó na 200 micri-chreidiúint sna ceithre Choláiste ag COC anois, agus táthar ag súil go sroichfidh líon na bhfoghlaimeoirí ceithre mhíle go leith faoi dheireadh an tionscadail i mí an Mhárta 2026, agus iad mar chuid lárnach de churaclam COC. Thacaigh Micri-Chreidiúintí le tionscadail inmheánacha lena n-áirítear ID+, Ionchuimsiú COC agus Acadamh na hInbhuanaitheachta chomh maith le tionscadail sheachtracha le EUCEN, Príosún Chorcaí, *Firkin Crane* agus QQI ag cur a thuilleadh le tionscadail náisiúnta agus Eorpacha. Gnóthaíodh maoiniú *Erasmus* chun foghlaim a roinnt agus seoladh tairseach náisiúnta na micri-chreidiúintí i gcomhar le UNIC (Ollscoil Eorpach na gCathracha in Aistriú Iar-Thionsclaíoch).

## Printíseachtaí

Sa bhliain 2025, tháinig méadú ar an iontógáil ar chlár Printíseachta na hOibre Sóisialta go dtí 80, ag cur leis an 47 printíseach a thosaigh in 2024. Moladh Printíseacht na hOibre Sóisialta ar fud na tíre de bharr go bhfuil sé nuálach agus ag cur leis an ngairm sin tríd is tríd, rud a léiríonn COC mar dhea-eiseamláir do phrintíseachtaí eile amach anseo. Tacaíonn bonn láidir mar seo lenár dtiomantas do phrintíseachtaí go fadtéarmach san ardoideachas.

Tá aighneachtaí curtha faoi bhráid Oifig Náisiúnta na bPrintíseachtaí chun printíseachtaí a fhaomhadh i bParaimhíochaine agus i gCúram Sóisialta. Tá an dá ghairm seo luaite i bpleananna náisiúnta mar go bhfuil ganntanas obrithe iontu, agus léirítear amhlaidh sna gealltanais atá tugtha ag an earnáil phoiblí agus ag fostóirí chun róil phrintíseachta a sholáthar. Mar thacaíocht bhreise le rochtain a mhéadú faoi réir ag *Plean Rochtana Náisiúnta an ÚAO, 2022-2028*, cuireadh riachtanais iontrála ionchuimsithe ar bun le haghaidh na bprintíseachtaí go léir.

Usáideann
24%
de mhic léinn cosáin mhalartacha rochtana

Dáilleadh
€2.7m
mar thacaíocht airgeadais ar mhic léinn

Chláraigh
>4,500
mac léinn le Seirbhísí Tacaíochta Mí-Chumais

## Scoláireachtaí

Is ag fás atá Scoláireachtaí agus Duaiseanna in COC agus bronnadh ní ba mhó ná 1,000 scoláireacht agus spáránacht ar fud na hOllscoile le linn bhliain na tuarascála seo. Bhronn COC 86 Scoláireacht Spóirt ar mhic léinn i 15 spórt éagsúla le linn Bhliain Acadúil 2024/25. Tagann athrú as cuimse ar shaol mórchuid mac léinn a bhuí leis na deontóirí go háirithe iad siúd ó chúlraí beagdheise (atá faoi ghannionadaíocht san Ardoideachas go minic) agus tacaítear leor bláthú i gcúrsaí léinn agus i gcúrsaí seach-churaclaim.

Leanann Clár Mhic Léinn Chumasacha Quercus le ról suntasach agus tacúil a imirt chun mic léinn chumasacha a earcú ón léann, spórt, na taibhealaíona agus na healaíona cruthaitheacha, saoránacht ghníomhach agus fiontraíocht. Glacadh le 17 mac léinn nua i mí Mheán Fómhair 2024 ar an gClár agus anois tá 50 Scoláire Quercus ar fad ann. Bhíomar an-bhródúil go deo nuair a bhuaigh Mags Cremen (Corpoideachas, Spóirt agus Ealaíona) agus Fintan McCarthy, Alumnus COC, boinn Óir sa chéad chomórtas céaslaire beirte measctha. Imeacht stairiúil i ndomhan na rámhaíochta a bhí ann. Scoláire Quercus is ea Mags a fuair bonn Airgid na hEorpa agus í ina hOilimpeach dúbailte leis.

Bronnadh
>1,000
scoláireacht agus spáranacht

Bronnadh
86
scoláireacht spóirt

Bronnadh
17
scoláireacht Quercus

Oíche Dámhachtainí Chlár Mhic Léinn Chumasacha Quercus, Samhain 2024



240
Ceannaire Piarthacaíochta, ag plé le >4,000 mac léinn

45
club ina raibh

6,000+
ball

## Aistriú Digiteach Chórais Riaracháin na Mac Léinn

I mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir COC críoch leis an infheistíocht ba mhó dá ndearna sé riamh san aistriú digiteach, tionscadal ocht mbliana chun croí-sheirbhísí caidrimh agus riaracháin acadúil na mac léinn a uasghrádú agus a fheabhsú. Cuireadh tús le réitigh dhigiteacha sa chéad áit de bharr an tionscadail seo; bhí siad curtha in oiriúint do mhianta na mac léinn, laghdaíodh méid an pháipéir a úsáidtí agus cuireadh tionscnaimh i bhfeidhm eadhon córais chuíchóirithe do bhainistiú curaclaim agus taighde, riarachán na mac léinn ó iarratais go socrúcháin agus Mol digiteach na Mac Léinn. Léiríonn an tionscadal rathúil seo go bhfuil COC meáite ar inbhuanaitheacht, ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar chur chuige atá dírithe ar dhaoine chun eispéireas saoráideach, ionrochtana agus réidh don todhchaí a chur ar fáil do mhic léinn.

# 4.2 Eispéireas na Mac Léinn

## Gníomhaíochtaí na Mac Léinn

Bliain ghnóthach ab ea í do Chlubanna, Cumainn, Piarthacaíocht agus Aontas na Mac Léinn in COC, rud a chinntigh go raibh eispéireas spleodrach ar an gcampas do mhic léinn idir shean is nua. Bhí 45 club gníomhach i gceist agus ní ba mhó ná 6,000 ball iontu chomh maith le 118 cumann agus ní ba mhó ná 21,000 ball iontu.

Chuir a leithéid mórán Éireann deiseanna ar fáil do mhic léinn chun dul i mbun gníomhaíochtaí éagsúla, chun scileanna a fhorbairt agus a chothú agus chun cairde nua a dhéanamh. Reáchtáil cumainn ní ba mhó ná 2,000 imeacht le linn bhliain na tuarascála seo, thiomsaigh siad €315k do charthanachtaí agus bhuaigh siad ceithre ghradam ag Dámhachtainí na gCumann Náisiúnta chomh maith leis an iliomad gradam a bhuaigh cumainn ar leith. Léirigh Spórt COC a neart arís i ndomhan an spóirt in Éirinn agus ghlac lúthchleasaithe agus foirne páirt ar bhonn domhanda, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

## Piarthacaíocht

Bhí 240 Ceannaire Piarthacaíochta (CPT) ann le linn bhliain na tuarascála seo, a d'oibrigh ar bhonn deonach ar feadh níos mó na 8,200 u.a.c. agus iad ag cabhrú go díreach le mic léinn na chéad bhliana a choinneáil agus muintearas á chothú acu san ollscoil. Dhein CPTanna teagmháil le breis is 4,300 mac léinn, mic léinn na chéad bhliana agus mic léinn idirnáisiúnta san áireamh

## Sláinte na Mac Léinn

Mar fhreagra ar reifreann Aontas na Mac Léinn i mí an Mhárta 2024, chuir Sláinte na Mac Léinn le méid Fhoireann Meabhairshláinte na Mac Léinn chun seirbhísí breise Neamhord an Easnaimh Airde agus na Hipirghníomhaíochta (ADHD) a sholáthar do mhic léinn.

Dearadh Measúnú ADHD agus cuireadh an cosán seo i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2025 ina ndéantar roghanna diagnóise agus cóireála a chuíchóiriú do mhic léinn atá néara-éagsúil. I mí Mheán Fómhair 2025, bhí ní ba mhó ná 100 mac léinn ag plé leis an gcosán ADHD ag céimeanna éagsúla, ó mheasúnú agus diagnóis go dtí cúrsaí leighis agus bhí sainchúram Síciatrach, Síceolaíoch agus na Teiripe Saothair ar fáil chomh maith.

## Dlús a chur le Dul chun Cinn: Ó lá go lá

Mar chuid de thionscadal a bhaineann le Folláine agus an Curaclam (arna thacú ag maoiniú Meabhairshláinte an ÚAO) agus faoi réir ag tiomantas COC d'fhorbairt iomlánaíoch na mac léinn, tá an deis ag mic Léinn na Chéad Bhliana atá ag gabháil do mhodúil roghnaithe 'foghlaim conas a bheith go maith' chun gur féidir leo 'a bheith go maith chun foghlaim'. Chabhraigh cúig cheannaire modúil is fiche ar fud COC le 2,300 mac léinn cun 'Dlús a chur le Dul chun Cinn: Ó lá go lá' a dhéanamh. San aonad seo, pléann na mic léinn cad is brí le dul chun cinn an mhic léinn ar bhonn pearsanta, foghlaimíonn siad faoi fholláine mheabhrach agus faoi fhorbairt na hinchinne i mblianta déanacha na hógántachta, déanann siad anailís ar an úsáid a bhaineann siad as cúrsaí ama agus conas nósanna sláintiúla buana a chruthú, agus cuireann siad leis an teacht aniar atá acu agus iad ag déanamh a ngréasán tacaíochta a mheas. Is féidir le mic léinn micri-chreidiúint a fháil má dhéanann siad an suaitheantas digiteach iomlán Ó lá go lá: Nósanna Sláintiúla do Shaol na hOllscoile®. Tá polasaithe náisiúnta faoi chur chun cinn na meabhairshláinte don phobal i gcoitinne agus polasaithe an Údaráis um Ard-Oideachas ar dhul chun cinn agus meabhairshláinte na mac léinn á gcothú ag an tionscadal ceannródaíoch seo.

## Le Chéile: Clár na Séiplíneachta

Clár forbartha pearsanta is ea Le Chéile a reáchtáladh ar feadh cúig seachtaine i Seimeastar 1 agus i Seimeastar 2 ina raibh cainteanna ó shaineolaithe laistigh agus lasmuigh de COC. Bhí an oiliúint féin bunaithe ar chásanna difriúla agus cuireadh í in oiriúint don tsamhail a úsáidtear i gClár na bhFéachadóirí ina ndírítear ar na comharthaí sóirt agus conas idirghabháil a dhéanamh i gcásanna éagsúla. Fuair 75 mac léinn Suaitheantas Digiteach as an gclár a dhéanamh.

## Uasghráduithe ar Sheomraí Ranga

Chuir Rochtain COC maoiniú ar fáil le haghaidh tionscadal uasghrádaithe i 44 seomra ranga le linn Shamhradh 2025 agus chuir Seirbhísí TF saineolas teicniúil agus obair phraiticiúil ar fáil i gcomhar le Foirgnimh agus Eastáit agus an tIonad um Oideachas Digiteach. Tá an tionscadal seo mar chuid de thiomantas leanúnach COC chun timpeallacht foghlama agus teagaisc a chruthú atá ionchuimsitheach agus inrochtana do mhic léinn agus do phobail COC. Ar na feabhsuithe a deineadh bhí: micreafóin den scoth, callairí, ceamaraí traiceála agus uasghráduithe eile nach iad chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na huirlisí agus na tacaíochtaí ag gach mac léinn le go mbláthóidh siad in COC.

## Barr na gCnoc

Tionscadal Gaeilge don phobal arna mhaoiniú ag an ÚAO is ea Barr na gCnoc de chuid Ionad na Gaeilge Labhartha agus cuireadh le clár Gaeilge Stretch agus dhá bhunscoil DEIS eile páirteach ann, rud a fhágann go dtéitear i dteagmháil le 123 páiste gach seachtain. I mí Márta 2025, rinneadh ceiliúradh do Sheachtain na Gaeilge ar an gcampas agus óstáladh Preab-Ghaeltachtaí san Aula Maxima do 100 dalta bunscoile agus iar-bhunscoile. Thacaigh Clár Cónaithe na Gaeltachta le 77 scoláire ó thrí scoil chun cuairt a thabhairt ar Chorca Dhuibhne agus na Déise. Chuir Barr na gCnoc tacaíocht Ghaeilge ar fáil do leanaí ón Stiúideo The Kabin i gCnoc na hAoine agus iad ag obair le leanaí i nDún Éideann chun Meas Mór a scríobh agus a thaifeadadh, píosa rapcheoil mhearscaipthe ina bpléitear leis an gcaidreamh idir an Ghaeilge agus Gaeilge na hAlban.

44
uasghrádú digiteach ar sheomraí ranga

16
Dhámhachtain Réaltaí Spóirt COC

Daryl Cuff, cispheil; Aoibhinn Donnelly, sacar na mBan; Beau Poydence, boghdóireacht; Margaret Cremen, rámhaíocht; Shane Roche, tógáil meáchan Oilimpeah; agus Peter Hyland, rugbaí, buaiteoirí ag Dámhachtainí Réaltaí Spóirt COC 2024/25. Grianghraf le Eddie O'Hare.

## Dámhachtainí Réaltaí Spóirt COC

Reáchtáladh an 40ú searmanas de Dhámhachtainí Réaltaí Spóirt COC i mí Aibreáin 2025 in Óstán na Laoi inar deineadh gaiscí suaithinseacha lúthchleasaithe agus fhoirne COC a cheiliúradh. Arna urrú ag Óstán na Laoi i gcomhar le Banc na hÉireann, tugadh ómós le linn dhinnéar na féile do 16 a bhí thar barr mar lúthchleasaithe nó mar chóiseálaithe, agus an iomaíocht ní ba ghéire ná riamh.




# 4.3 Foghlaim agus Teagasc

Laistigh d'Oifig an Leas-Uachtaráin Foghlama agus Teagaisc (OVPLT) tá an phríomhoifig; an tIonad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (CIRTL). An tIonad um Oideachas Digiteach (CDE); An tIonad um Aosoideachas Leanúnach (ACE); an Leabharlann (Cló Ollscoile Chorcaí san áireamh); Ionad na Scileanna; agus Riarachán Achomhairc na Scrúduithe. Thosaigh Seirbhísí na nGairmeacha faoi scáth an OVPLT ar an 1 Deireadh Fómhair 2024. Tá Foghlaim Fadsaoil COC á forbairt chun oideachas, uas-oiliúint, micri-chreidiúintí agus foghlaim phobail sholúbtha a chur ar fáil. Cinnteofar lena leithéid go mbeidh teacht ag foghlaimeoirí ag gach céim agus ó gach cúlra ar an eolas agus na scileanna a bhfuil gá acu leo chun a gcuid pleananna don todhchaí a bhaint amach.

## Caidreamh Domhanda agus Pobail

I mí Feabhra 2025, reáchtáladh Fóram Foghlama agus Teagaisc Chumann Ollscoileanna na hEorpa. Rinne OVPLT agus CIRTL, thar ceann COC, an cruinniú mullaigh Foghlama agus Teagaisc seo a óstáil in Éirinn den chéad uair. D'óstáil Seirbhísí na nGairmeacha agus UNIC (Ollscoil Eorpach na gCathracha in Athrú Iar-Thionsclaíoch) Seachtain Oiliúna d'fhoireann *Erasmus* ar an bhFoghlaim Chomhtháite Oibre. Chuir CIRTL Máistir-rang ar fáil ar fhorbairt na foirne in athruithe foghlama agus teagaisc agus i gclaochluithe i bhforairt foirne san fhoghlaim agus sa teagasc agus mealladh 20 ceannaire Eorpach agus imeacht seachtaine forbartha foirne do ní ba mhó na 30 ionadaí ó chúig ollscoil san Úcráin, Aireacht an Oideachais agus na hEolaíochta san Úcráin, Comghuaillíocht na bhFostóirí san Úcráin chomh maith le comhghleacaithe ón Eastóin, an Phortaingéil agus an Pholainn.

Reáchtáil Leabharlann COC imeachtaí a bhí oscailte do chách, lena n-áirítear na himeachtaí seo a leanas: Comóradh Céad Bliain Chló Ollscoile Chorcaí, seoladh Glór ón Sceilg agus Cartlann Mhíchíl Uí Chiarmhic ar Lá Domhanda na Leabhar, taispeántas dar teideal *Unissued Diplomas* in ómós do 40 mac léinn ón Úcráin, sraith ceolchoirmeacha an tsamhraidh a raibh baint acu le gníomhaíochtaí cultúrtha eile a bhí ar siúl i gCathair Chorcaí agus máguaird.

Lucht eagraíochta Fhóram Foghlama agus Teagaisc Chumann Ollscoileanna na hEorpa Mary O'Rourke, Laura Lee, Sarah Armstrong & Patricia Murphy OVPLT.




## Scoláireacht na Foghlama agus an Teagaisc

Sheol CIRTL, i gcomhar le UNIC, an dara babhta de Chiste na dTioscadal Oideachais Fiorúil agus Idirnáisiúnta (VIP), ina gcothaítear comhoibriú idirchultúrtha agus nuálaíocht foghlama domhanda idir mic léinn COC agus mic léinn in institiúidí comhpháirtíochta UNIC. I mí Aibreáin 2025, rinne CIRTL maoiniú Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama SATLE 2025 a ghairm. Cinntítear leis an tionscnamh seo, atá mar chuid d'Fhóram Náisiúnta an Údaráis um Ard-Oideachas d'Feabhsú Teagaisc agus Foghlama, go bhfuil maoiniú curtha in oiriúint ar bhonn straitéiseach do nuálaíocht oideolaíoch a chur chun cinn san ardoideachas in Éirinn.

Tá Leabharlann COC ina ceannaire náisiúnta i gcónaí i maoirseacht taighde oscailte agus sonraí, agus imríonn sí ról lárnach i nGréasán Sonraí na hÉireann. Fuarthas maoiniú €100k ó Chiste Taighde Oscailte 2025 a gnóthaíodh i gcomhar le HEAnet agus RCSI agus tacófar le micri-chreidiúint i maoirseacht sonraí a chruthú chomh maith le clár náisiúnta Seaimpíní na Sonraí.

Céad Bliain de Chló Ollscoile Chorcaí



Ghnóthaigh
**1,100+**
mac léinn socrúcháin oibre

Infhostaitheacht Chéimithe ag
**1,100+**

Chun cur le tiomantas COC do thaighde na hoidhreachta, fuair Cló Ollscoile Chorcaí tairiscint €50k ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun saothar scolártha an Dr John Montague a fhoilsiú. Ghnóthaigh an Leabharlann comhpháirtíocht ilbhliantúil €15k leis an gComhairle Oidhreachta le haghaidh intéirneachta caomhnaithe, agus €30k chun caomhnú fadtéarmach a dhéanamh ar na cartlanna grianghraf.

Ghnóthaigh ACE €51k ó thionscdail SAMUELE *Erasmus+* le linn bhliain na tuarascála seo, rud a chuireann le trédhearcacht agus nuálaíocht i bhfoghlaim fadsaoil na hollscoile. Anuas air sin, bronnadh tionscadal MESHE ar COC, ag cur micri-chreidiúintí ar fáil ar fud na hEorpa. A bhuí le tionscadal chAnGE, tá micri-chreidiúintí bunaithe ar an aeráid seolta ag ACE do lucht gairmiúil na Sláinte agus an Chúraim Shóisialta, atá dírithe ar chomhtháthú na hinbhuanaitheachta i soláthar cúraim.

## Rathúlacht na Mac Léinn

Phléigh nach mór duine as gach cúigear mac léinn le Seirbhísí na nGairmeacha le linn bhliain na tuarascála seo. Thacaíomar le 1,739 seisiún comhairliúchán duine le duine, d'óstálamar 476 imeacht gairme, a raibh 9,750 mac léinn páirteach iontu, agus phléamar le suas le 20,000 logáil isteach ó 5,243 mac léinn ar ár n-ardán *Careers Connect*. Bhí torthaí dearfacha ar shocrúcháin oibre na mac léinn le linn bhliain na tuarascála seo sa Ghnó, Airgeadas, Innealtóireacht agus na hEolaíochtaí agus ghnóthaigh breis is 1,100 mac léinn socrúcháin. D'ofrálamar 32 clár agus modúl socrúcháin trí *InPlace*. Lasmuigh de shocrúcháin oibre shainiúla, cuireadh 2,947 folúntas poist do chéimithe chun cinn i 293 comhlacht. Léiríodh i Suirbhé Thorthaí na gCéimithe ón ÚAO go raibh 95% de chéimithe ó Rang 2024 fostaithe nó i mbun staidéar breise naoi mí tar éis dóibh an chéim a bhaint amach.

Thuill Seirbhísí na nGairmeacha Gradam um Fheabhas san Fhoghlaim Obairbhunaithe ó AGCAS sa bhliain 2025 mar chomhartha dá dtionscnaimh infhostaitheachta. Thacaigh dhá dhámhachtain ó Chiste Alumni agus Forbartha (€4k san iomlán) le feachtas *"Dress for Success"* agus le méadú na ndámhachtainí *EmployAgility* trí acmhainní físe nua.

Reáchtáil Seirbhísí na nGairmeacha Aonach na hOibre Deonaí i mí na Samhna 2024. Tharla caidreamh idir 24 eagraíocht (eagraíochtaí deonacha, carthanachtaí, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus eagraíochtaí sibhialta agus pobail) agus ní ba mhó ná 400 mac léinn agus ball foirne Cruthaíodh teagmháil idir 3,200 mac léinn le linn Fhéile Earcaíochta Sheirbhísí na nGairmeacha agus ní ba mhó ná 130 fostóir ó earnálacha éagsúla, rud a chuireann go mór le cuspóirí straitéiseacha COC ó thaobh infhostaitheacht céimithe agus caidrimh thionsclaíoch de.

Faomhadh *Creat Infhostaitheachta* Sheirbhísí na nGairmeacha i mí Feabhra 2025. Reáchtáladh Searmanas Dámhachtainí *EmployAgility* COC i mí Aibreáin 2025 mar ar tugadh aitheantas do 185 mac léinn. Clár forbartha scileanna gairmiúla is ea é seo ina dtugtar aitheantas foirmiúil do mhic léinn as forbairt a dhéanamh ar thréithe an chéimí, luachanna agus scileanna infhostaitheachta trí obair ar bhonn deonach ar mhaithe le tionscnaimh ar an gcampas agus lasmuigh de.

Cúis áthais d'Oifig an Leas-Uachtaráin Foghlama agus Teagaisc (OVPLT) fáilte a chur roimh ár Leabharlannaí Ollscoile nua Liz Jolly FRSA FCLIP PFHEA i mí Iúil 2025. Tá críoch curtha le saotharlann chaomhnaithe ina dtugtar aire do Shainbhailiúcháin agus Cartlanna Leabharlann COC, arna tacú ag maoiniú ón gComhairle Oidhreachta. Cuirfidh sí seo lenár gclár caomhnaithe agus leis an rochtain ar acmhainní teagaisc, foghlama agus taighde. A bhuí le maoiniú Alumni Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí, cheannaigh Leabharlann COC trí fhaighneog chiúine staidéir ar mhaithe le riachtanais éagsúla staidéir chun ionchuimsiú do gach mac léinn a chinntiú. Sheol an Leabharlann Creat Litearthachta Digití agus Faisnéise chun scileanna litearthachta digití agus faisnéise na mac léinn a fhorbairt i dtreo is go mbeidh siad in ann maireachtáil, foghlaim agus oibriú go rathúil i sochaí dhigiteach atá ag athrú go tapaidh.




Searmanas Dámhachtainí *EmployAgility* Aibreán 2025.

Bliain rathúil eile a bhí ag Ionad na Scileanna in 2024/25 agus phléigh siad le níos mó ná 15,000 mac léinn ar an iomlán. Le linn na tréimhse seo, chuir Ionad na Scileanna tús le catalóg dhigteach, tob-spás i nGort an tSrutháin, tráthanna cuairte céadfach-bháúla, clár malairte iarchéime 12 seachtaine le hOllscoil Koc agus seisiúin tráchtas buail isteach. Cuireadh Mol Foghlama GenAI ar fáil ar *Canvas* Oscailte i mí Meithimh 2025.

Le linn bhliain na tuarascála seo, bhí 2,632 mac léinn cláraithe le hAosoideachas Leanúnach (ACE) ag gabháil do ní ba mhó ná 65 clár a raibh creidiúnú ag gabháil leo. Tháinig na mic léinn seo ó 26 tír agus ó 23 contae in Éirinn. Bhí 342 mac léinn cláraithe ar chláir a bhí dírithe ar thionsclaíocht agus bhí 355 mac léinn ag fáil tacaíochta ó *Springboard+*, arna mhaoiniú ón Státchiste agus ó chiste mhicri-chreidiúintí HCI agus bhí ráta coinneála 92% i gceist. Sa bhliain 2025 i ngairm mhaoinithe *Springboard+*, fuair ACE maoiniú do 275 áit i naoi gclár agus dhá mhicri-chreidiúint go ceann trí bliana, ag cur le deiseanna i réimsí ina bhfuil ganntanas scileanna i ngeilleagar na hÉireann.

Leanann an tIonad um Oideachas Digiteach (CDE) le cur i bhfeidhm Phlean COC um Oideachas Digiteach agus tá 85% de na gníomhartha curtha i bhfeidhm ina n-iomláine, rud a chinntíonn foghlaim ionchuimsitheach atá cumasaithe go digiteach. Ar bhuaicphointí na bliana bhí: seoladh an chéad Tuairisc um Ardáin Foghlama in COC, ceannaíodh agus rinneadh athbhrandáil ar *Panopto*, cuireadh tionscnaimh feabhsaithe inrochtana i bhfeidhm ar nós *Respondus* agus theicneolaíochtaí uasghrádaithe an tseomra ranga. Rinneadh 100 feabhsú inrochtana ar chúrsaí *Canvas*. Reáchtáladh 47 ceardlann oiliúna a raibh 882 páirteach iontu agus bronnadh 1,488 suaitheantas Digiteach orthu.

Phléigh

15,000+

mac léinn le hIonad na Scileanna

Tá

2,632

mac léinn ar

>65

clár creidiúnaithe in ACE

47

ceardlann oiliúna san oideachas digiteach a raibh

882

páirteach iontu

Bronnadh

1,488

Suaitheantas Digiteach

115

mac léinn ar chúrsaí iarchéime i dTeagasc agus Foghlaim san Ardoideachas



Féile Earcaíochta Sheirbhísí na nGairmeacha

San Ionad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (CIRTL) le linn bhliain na tuarascála seo bhí 80 mac léinn cláraithe ar an Teastas Iarchéime, bhí 21 cláraithe ar an Dioplóma Iarchéime agus 14 cláraithe ar an Máistreacht i bhFoghlaim agus Teagasc san Ardoideachas, lena n-áirítear mic léinn in COC agus lasmuigh de. Ar fud COC, tá 54% de bhaill foirne acadúla cáilithe i dTeagasc agus Foghlaim.

Rinneadh athbhreithniú téamach ar thaithí na foghlama dochtúireachta in COC agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall le linn bhliain na tuarascála seo. Léiríodh san athbhreithniú go bhfuil baill foirne ag gach leibhéal an-tiomanta d'oideachas dochtúireachta den scoth a sholáthar in COC agus chuir an chuid ba mhó de na mic léinn in iúl go raibh taithí an-dearfach acu agus mhol siad baill foirne as a gcuid dúthrachta, cumais, meantóireachta agus tréadchúraim. Deineadh moladh láidir sa tuairisc go bhforbrófaí Coláiste Dochtúireachta mar struchtúr, rud atá coitianta in ollscoileanna ar fud an domhain ina bhfuil fócas láidir taighde agus nuálaíochta, chun mol taighde a sholáthar do thaighdeoirí iarchéime, chun rialachas a chuíchóiriú agus chun eispéireas foghlama cothrom a chinntiú. .

## Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas Teagasic

Reáchtáladh Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas Teagasic i mí na Samhna 2024. Aithnítear leis na dámhachtainí seo baill foirne a bhfuil curtha go mór acu le feabhas teagasic agus a léiríonn modhanna nuálacha agus cruthaitheacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fheabhsaíonn foghlaim agus dul chun cinn na mac léinn.

| Catagóir na Dámhachtana | Buaiteoir |
|---|---|
| Obair Fadsaoil | An Dr Denis Ring, *Roinn na hInnealtóireachta Próiseas agus Ceimicí* |
| Seirbhísí Gairmiúla | An Dr Loretta Goff, *Ionad na Scileanna* |
| Seirbhísí Gairmiúla | An Dr Niamh O'Mahoney, *Scoil na Ceimice* |
| Teagascóir Iarchéime | James Harte, *Scoil na Bithcheimice agus na Cillbhitheolaíochta* |
| Luathghairm Teagaisc | An Dr William Durkan, *Roinn na Tíreolaíochta* |
| Luathghairm Teagaisc | An Dr Kathy Dineen, *an tIonad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama, agus Roinn na Fealsúnachta* |
| Luathghairm Teagaisc | An Dr Andrea Visentin, *Roinn na hEolaíochta Ríomhaireachta* |
| Gairm Bhunaithe Teagaisc | An Dr Mohammed Abdulla, *Roinn na hAnatamaíochta agus na Néareolaíochta* |
| Gairm Bhunaithe Teagaisc | An Dr Nicola Bessell, *Roinn na hEolaíochta Urlabhra agus Éisteachta* |
| Gairm Bhunaithe Teagaisc | Michael Murphy, *Roinn na Margaícohta agus na Bainistíochta* |
| Gairm Bhunaithe Teagaisc | Claire O'Reilly, *Roinn na Gearmáinise* |



Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas Teagasic 2024.

# 5. Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta



Searmanas Bronnta Scoláireachtaí Choláiste Qeurcus i mí Feabhra 2025.

I mí Mheán Fómhair 2025, do chuir Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta (CACSSS) fáilte roimh Cheann nua an Choláiste, an tOllamh Stephen Graham. Tháinig an tOllamh Graham chugainn ó Goldsmiths, Ollscoil Londan, mar a raibh sé ina Dhéan Feidhmiúcháin ar Dhámh na nEalaíon agus na Meán Cruthaitheach ar feadh ceithre bliana.

Le linn bhliain na tuarascála seo, bhí 7,723 mac léinn cláraithe i gColáiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta (CACSSS). Mic léinn idirnáisiúnta ab ea ní ba mhó ná 27% díobh seo, bhí 357 ag gabháil do PhD agus glacadh le 357 fochéimí trí chosáin Rochtana. Bhí 93% de chéimithe ag obair nó i mbun staidéar breise naoi mí tar éis dóibh céim a fháil. Léiríonn líon na mac léinn gníomhaíocht shláintiúil, bítear ag clárú go rialta le haghaidh an chuid is mó de chláir fochéime, seachas an laghdú ar iontógáil na chéad bhliana ar BA (CK101). Tháinig méadú suntasach ar líon na mac léinn iarchéime ó 1,747 go dtí 1,921, 357 mac léinn PhD san áireamh. Tháinig feabhas ar ráta coinneála na chéad bhliana go dtí 87.7% (ó 85.3%), agus bhí leanúnachas san iontógáil rochtana ag 23.2%. Tháinig méadú ar líon na mac léinn idirnáisiúnta ag leibhéal na fo- agus na hiarchéime. Tá ráta infhostaitheachta 94.7% i gceist agus léirítear leis na sonraí seo tuar dearfach maidir le líon, ionchuimsiú agus coinneáil na mac léinn, rud atá faoi réir ag tiomantas an Choláiste chun rochtain a fhairsingiú agus torthaí na gcéimithe a fheabhsú.

Tá athbhreithniú straitéiseach ar BA (CK101) ar bun chun dul i ngleic leis an laghdú ar iontógáil agus chun an ráta coinneála a fheabhsú. Faoi stiúir an Dr David Fitzgerald, Leas-Cheann Teagaisc agus Foghlama, tá moltaí á bhforbairt ag an Meitheal chun struchtúr an churaclaim a fheabhsú agus chun feiceálacht agus caidreamh na mac léinn a leasú. Ina theannta sin, sheol an Coláiste Baitsiléir in Obair Shóisialta (BSW) mar Bhealach Treasach i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí chun cosáin isteach san obair shóisialta a sholáthar atá níos ionchuimsithí. Cuireann an tionscnamh seo le punann níos leithne de chláir nua agus athbhreithnithe a bhfuil sé mar aidhm acu an rochtain a leathnú ar oideachas sa chúram sóisialta agus san obair shóisialta.



Mic léinn ó Bhaitsiléir in Obair Shóisialta (Onóracha) leis an Ollamh John O'Halloran Uachtarán COC; Denis Leamy, Príomhfheidhmeannach ETB Chorcaí; agus ionadaithe ó COC agus ETB Chorcaí ag searmanas inar cuireadh crann mar chomóradh ar Bhaitsiléir in Obair Shóisialta (BSW) a seoladh mar Bhealach Treasach. Grianghraf le Jim Coughlan.

Is é Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar agus na Daonnachtaí Feasta, an réimse de Thodhchaíochtaí COC atá lonnaithe sa Choláiste, agus leanann CACSSS de bheith ag éirí leis i gcúrsaí taighde ó thaobh maoinithe agus tionchair de. Le linn bhliain na tuarascála seo, ghin CACSSS ní ba mhó ná €7.6 milliún i raon leathan scéimeanna iomaíocha. Díol suntais is ea é go bhfuil dámhachtainí clúiteacha ERC faighte ag an gColáiste arís, mar shampla bronnadh Deontas Daingnithe ERC ar an Ollamh Tom Birkett dá Léarsáil Lochlannach (circa €2.5 milliún); tionscadal FRAME an Dr Gillian Murphy (circa €1.5 milliún, nach bhfuil san áireamh san iomlán reatha) agus fuair an tOllamh Griff Rollefson dámachtain Cruthúnas Coincheapa ERC, an chéad uair ar bronnadh dámhachtain mar í ar CACSSS. Deineadh dul chun cinn i scéimeanna maoinithe eile agus gnóthaíodh maoiniú ó Marie Curie (Gréasán Dochtúireachta amháin agus dhá Ánracht Iardhochúireachta) agus ó Thaighde Éireann (Cúig Iardhochtúireacht, seacht n-Iarchéim, *Frontiers* amháin, ceithre dhámhachtain COALESCE agus trí dhámahctain PATHWAY). Ag Lá Thaispeántas Taighde CACSSS rinneadh ceiliúradh ar thaighde a imríonn tionchar agus ar thaighde gafa lena n-áirítear *Belonging to Primary* ón Dr Aoife Neary (i gcomhpháirtíocht le Belong to *LGBTQ+ Youth Ireland*) agus monagraf ceannródaíoch an Ollaimh Vittorio Bufacchi *"Why Cicero matters"*

Dhein an Coláiste dhá chloch mhíle shuaithinseacha a cheiliúradh le linn bhliain na tuarascála seo. An chéad cheann ná go bhfuil Máistrecht Ghairmiúil san Oideachas (PME) de chuid COC deich mbliana ar an bhfód ina ullmhaítear múinteoirí meánscoile chun dul leis an ngairm sin. An tarna ceann ab ea 60 bliain den tSíceolaíocht Fheidhmeach agus reáchtáladh comdháil inar caitheadh solas ar a bhfuil tugtha ag an ngort taighde seo don tsochaí.

Mic léinn ó Bhaitsiléir in Obair Shóisialta (Onóracha) leis an Ollamh John O'Halloran Uachtarán COC; Denis Leamy, Príomhfheidhmeannach ETB Chorcaí; agus ionadaithe ó COC agus ETB Chorcaí ag searmanas inar cuireadh crann mar chomóradh ar Bhaitsiléir in Obair Shóisialta (BSW) a seoladh mar Bhealach Treasach. Grianghraf le Jim Coughlan.





An tOllamh John O'Halloran, Uachtarán COC; Ealaíontóir Amharclainne Nua Cónaithe COC/Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí, Tatiana dos Santos; Eibhlin Gleeson, POF, Áaras Ceoldrámaíochta Chorcaí; agus Yvon Bonenfant, Ceann Roinn na hAmharclannaíochta, COC.


Baineadh gaiscí eile amach sa Choláiste le linn bhliain na tuarascála seo leis, mar shampla, bronnadh Dámhachtain Chré Umha *Athena Swan* ar Scoil an Staidéir Shóisialta Fheidhmigh. Beidh an Dr Barbara Siller i gceannas ar *MultiLiLiTrans COST Action*, gréasán Eorpach chun ilteangachas a chur chun cinn. Ainmníodh an Dr Aaron Lim, Roinn na Tíreolaíochta, mar Thaighdeoir Luath-Ghairme na Bliana i ndámhachtainí Thaighdeoir na Bliana, 2024 (leagáid IRC)

Dhein ár gcuid mac léinn dul chun cinn nach beag freisin. Ghnóthaigh Róisín Murphy, mac léinn MPlan COC, Gradam mar Thaighdeoir na Bliana do Mhic Léinn ó Institúid Pleanála na hÉireann. Bronnadh an chéad Duais i gcuimhne ar Chris Williams ar Alísha Heffernan, céimí Staire agus Béarla ag Searmas Bliantúil Dámhachtainí Scoil na Staire. Bunaíodh an duais seo i gcuimhne ar an Ollamh Chris Williams nach maireann, Ollamh clúiteach na Staire agus Iar-Cheann Choláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta agus aithníonn sí barr feabhais i dtaighde stairiúil.

Bronnadh Gradaim Ealaíontóirí Cónaithe 2025 ar Tom Hall, Eithne Ní Chatháin agus Eileen Dillon sa Litríocht, Scannánaíocht agus Ealaíona Traidisiúnta. I gcomhar le hÁras Ceoldrámaíochta Chorcaí, cuireann COC fáilte roimh Tatiana dos Santos mar Ealaíontóir Amharclainne Nua Cónaithe do 2025. I mí Dheireadh Fómhair seoladh an clár úrnua *'Future Leaders of Screen: Screen Careers for Transition-Year Students'* faoi stiúir an léiritheora, Lord David Puttman, a bhfuil duais Oscar buaite aige.

## Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta go hachomair *go hachomair*




**10**
Scoil

**20**
Cúrsa Fochéime

**79**
Cúrsa Iarchéime

**1,274**
Iontógáil Fochéimithe*

**23.2%**
Iontógáil Rochtana

**87.3%**
Coinneáil na Chéad Bhliana (23/24 - 24/25)

**94.5%**
Infhostaitheacht Céimithe

**€6.6m**
(Roimh iniúchadh)
Ioncam Taighde

Na Taibhealaíona
**51-100**
Rangú Domhanda QS de réir Ábhair

# 6. Coláiste an Ghnó agus an Dlí



An tIonad um Chearta na Leanaí agus Dlí Teaghlaigh a d'óstáil an Séú Collóiciam ar Thionscadal Feidhmithe Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Bliain rathúil a bhí i gceist do Choláiste an Ghnó agus an Dlí (CoBL) inar tháinig fás leanúnach ach srianta ar líon iomlan na mac léinn i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus bhí 5,326 mac léinn cláraithe sa Choláiste. Mic léinn idirnáisiúnta ab ea 16% díobh seo, bhí 135 ag gabháil do PhD agus glacadh le 177 fochéimí trí chosáin Rochtana. Bhí 97% de chéimithe ag obair nó i mbun staidéar breise naoi mí tar éis dóibh céim a fháil.

Cuireadh tús le clár MBA athuaite i mí Mheán Fómhair 2024, agus cuireadh tús leis an DBA athchóirithe sa tSín go luath in 2025. I mí na Samhna 2024, thosaigh Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí (CUBS) le "Modúl an Phláinéid", modúl uile-ollscoile ríomhfhoghlama atá oscailte do gach mac léinn. Cúis mhórtais ab ea é gur choimeád Scoil an Dlí a bharr-rangú 100 QS de réir ábhair don chúigiú bliain as a chéile, í rangaithe mar an 94ú Scoil Dlí sa domhan (Rangú QS Ollscoileanna an Domhain de réir Ábhair, 2025) I mí Meithimh 2025, bronnadh Brat Pieta Amber ar CUBS mar aitheantas dá thiomantas chun meabhairshláinte dhearfach agus folláine a chur chun cinn i bpobal CUBS.

Óstáladh roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta le linn bhliain na tuarascála seo, lena n-áirítear an Séú Collóiciam ar Thionscadal Feidhmithe Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a d'óstáil An tIonad um Chearta na Leanaí agus Dlí Teaghlaigh (CRC-IP) i mí Iúil 2025.




Bronntar Brat Pieta Amber ar CUBS de bharr a thionscnamh meabhairshláinte agus folláine.


Chomh maith leis sin i mí Iúil, chuir CUBS fáilte roimh cheannairí, acadóirí agus taighdeoirí margaíochta ó gach cearn den domhan le haghaidh Chomhdháil Acadamh na Margaíochta. Ba chun leas eacnamaíoch an réigiúin an t-imeacht seo agus meastar go raibh tionchar áitiúil €600k i gceist. D'óstáil Scoil an Dlí an 17ú Comhdháil Bhliantúil de Chuman Staidéar Dhlí na hEorpa agus na Síne i mí Mheán Fómhair 2025 a bhí dírithe ar thaighde comarpáideach agus idirdhsciplíneach i ndlí na Síne a chur chun cinn. Ar bhonn náisiúnta, i mí Bealtaine 2025 d'óstáil an tOllamh Thia Hennessy an 4ú Comhdháil Bhliantúil in Airgeadas an Bhia agus na nDeochanna arna hurrú ag AIB, A&L Goodbody, Goodbody agus KPMG. "Building Global Food and Beverage Companies" téama na comhdhála. Cheap an tAire Airgeadais, Jack Chambers, TD, ball foirne CUBS, an tUas Seamus Coffeey, mar Chathaoirleach ar Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann.


Bhain ár gcuid mac léinn éachtaí amach le linn bhliain na tuarascála seo le gaiscí suntasacha ar fud an Choláiste. I mí na Samhna 2024, bronnadh Céimí na Bliana COC 2023/24 ar Cara Grifinn (BComm Idirnáisiúnta), agus fuair beirt eile ón gColáiste seo a bhí san iomaíocht Duaiseanna Cuimhneacháin Peel: Orla Leahy BCL (Dlí agus Gaeilge) agus Dearbhla Richardson, BSc i bhForbairt Idirnáisiúnta. Ar bhonn idirnáisiúnta, roghnaíodh Oisín Ó Síocháin (BCL i nDlí agus Gaeilge) agus Alex Sheehan (BCL i nDlí agus Fraincis) chun socrúchain dhá mhí a dhéanamh ar Chlár Washington Éireann - Rang 2024. Bíonn tacaíocht ó raon leathan pobal i gceist leis an gclár seo atá tiomanta do thodhchaí a chruthú ina bhfuil síocháin agus rathúnas i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

Oisín Ó Síocháin agus Alex Sheehan a fuair áiteanna ar Chlár Washington Éireann.



## Coláiste an Ghnó agus an Dlí *go hachomair*




| | | |
|---|---|---|
| 2<br>Scoil | 924<br>Iontógáil Fochéimithe** | 94.6%<br>Infhostaitheacht Céimithe |
| 12<br>Cúrsa Fochéime | 17.2%<br>Iontógáil Rochtana | €4.7m<br>(Roimh iniúchadh)<br>Ioncam Taighde |
| 26<br>Cúrsa Iarchéime | 95.2%<br>Coinneáil na Chéad Bhliana<br>(23/24 - 24/25) | Dlí 94<br>Rangú Domhanda QS de réir Ábhair |



# 7. Coláiste an Leighis agus na Sláinte

Le linn bhliain na tuarascála seo, bhí 5,596 mac léinn cláraithe i gColáiste an Leighis agus na Sláinte (CoMH). Mic léinn idirnáisiúnta ab ea 17% díobh seo, bhí 254 ag gabháil do PhD agus glacadh le 206 fochéimí trí chosáin Rochtana. Bhí 92% de chéimithe ag obair nó i mbun staidéar breise naoi mí tar éis dóibh céim a fháil.

Sheas cóimheas éilimh LOI Choláiste an Leighis agus na Sláinte (CoMH) ag 2.7 an athuair. Ba iad Fiaclóireacht (9.0), Paraimhíochaine (5.5) agus Teiripe Shaothair (3.8) ar na cláir ba mhó éileamh. Gnóthaíodh athuanchan chreidiúnaithe do Chógaisíocht, Teiripe Shaothair, Fisiteiripe, Raideolaíocht Dhiagnóiseach agus Teiripe Raideolaíoch, rud a chinntigh go bhfuiltear faoi réir ag caighdeáin ghairmiúla i gcónaí. Seoladh Modúl Oiliúna Píolótach i bhFéinmharú a Chosc do mhic léinn fochéime na sláinte agus an chúraim shóisialta. D'fhorbair Scoil na Sláinte Poiblí, FSS agus an Fhondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú an modúl ina gcuirtear le cumais mheabhairshláinte na mac léinn a bheidh ag feidhmiú go gairmiúil amach anseo.

Bhuaigh foireann ó CoMH Dúshlán Cúraim Sláinte Idir-Ghairmiúil na hÉireann (AIPEC) do mhic léinn i mí an Mhárta 2025. Moladh go hard an cur i láthair a dhein an fhoireann ar othar le cliseadh croí a bhainistiú as an gcur chuige a bhí dírithe ar an othar agus an comhoibriú láidir idirghairmiúil

An fhoireann a bhuaigh AIPEC Ríona Bowen, Paraimhíochaine; Catherine Hegarty, Obair Shóisialta; Margaret Quigley, Fisiteiripe; Niamh Robertson, Leigheas; agus Rachael O'Sullivan, Cógaisíocht.




Mar fhreagra ar ghairm an rialtais i mí Aibreáin 2025, mhol an Coláiste go gcuirfí le hacmhainneacht oiliúna an chúraim sláinte. Faomhadh é seo i mí Meithimh 2025 agus rinneadh 52 áit bhreise a thairisicint. Bhronn an Coiste um Staidéar Iarchéime 12 spáranacht taistil, trí PhD fostaíocht-bhunaithe, agus dhá MD fostaíocht-bhunaithe ag tacú le dul chun cinn acadúil agus le taighde cliniciúil. Áiríodh naonúr taighdeoirí APC Micribhithóm Éireann i liosta taighdeoirí ardluaite Clarivate 2024, agus bhí ní ba mhó ná 45 de thaighdeoirí an Choláiste sa chéad 2% de rangú domhanda na nEolaithe.

Ghnóthaigh Sláinte Phoiblí agus INFANT maoiniú €5 mhilliún ó *Horizon Europe* don tionscadal LINDA-FAMILIA ar chórais sláinte dhigiteacha do ghalair thógálacha do mháithreacha agus leanaí in Oirthear na hAfraice. Agus 15 chomhpháirtí idirnáisiúnta á gcomheagrú ag an Dr Mohamad Saab, ghnóthaigh sé maoiniú €6 mhilliún ó *Horizon Europe* do TRANSCEND-XR, tionscadal ina n-usáidtear réaltacht bhreisithe chun tacú leo siúd a thagann trí ailse uiríoch. Fuair *CergenX*, mac-chuideachta INFANT, Ainmniú Gléas Cheannródaíoch FDA as a ghléas *Wave* a dearadh chun riosca de ghortuithe inchinne a aithint i naíonáin nuabheirthe.


Glacadh leis i gClár Comhairleach Saolré Táirgí Iomlána an FDA. Fuair an mhac-chuideachta *ProVasTec*, faoi stiúir an Ollaimh Noel Caplice agus an Ollaimh Subrata Ghosh maoiniú DTIF dar luach €2.5 milliún le *Arrotek Medical*. Bhí INFANT mar chomhpháirtí sa chuibhreannas CanVas a fuair moainiú €107 milliún chun cillteiripí a fhorbairt le haghaidh luath-ghortuithe inchinne. Síníodh Meabhrán Comhaontaithe chun oifig chomh-lonnaithe Taighde agus Forbartha Chóras Eolaíochta Sláinte Acadúla a bhunú ina ndéantar tacaíochtaí a chuíchóiriú le haghaidh taighde i gcomhar idir COC agus FSS. Bhain Ionad Ailse COC/CUH ainmniú mar Eagraíocht d'Institiúidí Ailse na hEorpa (OECI) mar aitheantas dá bharr feabhais cúraim, taighde agus oideachais. Rinneadh Dámachtainí Cré-Umha *Athena Swan* a athnuachan don Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, Scoil na Sláinte Poiblí, agus Scoil agus Ospidéal na Fiaclóireachta.


An Dr Ian Pitt, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Theicneolaíocht na Faisnéise; an Dr Aileen Murphy, Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí; an tOllamh Ali Khashan, Scoil na Sláinte Poiblí agus Ionad Taighde INFANT; Julie Arnott, Scoil na Sláinte Poiblí; an Dr Simon Woodworth, Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí agus Ionad Taighde INFANT. Grianghraf le Ger McCarthy.



Opposite: School of Pharmacy display cabinet artifacts

## Coláiste an Leighis agus na Sláinte *go hachomair*




**6**
Scoil

**20**
Cúrsa Fochéime

**65**
Cúrsa Iarchéime

**707**
Iontógáil Fochéimithe*

**33.7%**
Iontógáil Rochtana

**95.1%**
Coinneáil na Chéad Bhliana (23/24 - 24/25)

**97.9%**
Infhostaitheacht Céimithe

**€36m**
(Roimh iniúchadh)
Ioncam Taighde

**Altranas 27**
Rangú Domhanda QS de réir Ábhairs

**Fiaclóireacht agus Eolaíochtaí Béil 36**
Rangú Ábhair Domhanda Shanghai



# 8. Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia

Le linn bhliain na tuarascála seo, bhí 5,495 mac léinn cláraithe i gColáiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia (SEFS). Mic léinn idirnáisiúnta ab ea 23% díobh seo, bhí 551 ag gabháil do PhD agus glacadh le 182 fochéimí trí chosáin Rochtana. Bhí 94% dár gcéimithe ag obair nó i mbun staidéar breise naoi mí tar éis dóibh céim a fháil.

Bhí aon acadóir déag ó Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha i measc an 2% de thaighdeoirí ardluaite i Rangú Domhanda Elsevier/ Ollscoil Stanford. Ardaíodh Eolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha go dtí an 46ú háit i Rangú Shanghai. Áiríodh cúigear taigdeoirí SEFS i liosta *Clarivate* na dTaighdeoirí Ardluaite in 2024. I Rangú Ollscoileanna Domhanda QS de réir Ábhair, tá Talmhaíocht agus Foraoiseacht sa 84ú háit sa domhan, agus tá Eolaíocht Ábhar sa rangú seo den chéad uair riamh.

Gnóthaíodh €39 milliún i nDeontais Taighde le haghaidh 186 tionscadal agus fágann sin gurb e €125 milliún an t-ioncam taighde iomlán le trí bliana anuas. Eisíonn an Coláiste níos mó na 950 foilseachán gach bliain, agus rinneadh 35,471 tagairt do na páipéir a d'fhoilsigh sé idir 2022 agus 2024. Tá Rochtain Oscailte i gceist le 71.5% d'fhoilseacháin an Choláiste anois. Chláraigh 164 duine nua le haghaidh PhDanna (45% d'iomlán na hollscoile), méadú ar chlárú na bliana roimhe (115). Tá fás ag teacht ar ghníomhaíochtaí nuálaíochta, agus is ann do chomhoibriú láidir idir SEFS agus Institiúid Náisiúnta Tyndall (TNI): rinneadh 48 Nochtadh Fionnachtana; comhdaíodh 13 Phaitinn; socraíodh 36 Ceadúnas agus Sannachán do Thionsclaíocht agus bunaíodh trí mhac-chuideachta le linn bhliain na tuarascála seo.

Faoi stiúir an Ollaimh Venkatramanan Silva Subrahmanian agus an Ollaimh Barry O'Sullivan, tá Saotharlann Slándála agus Intleachta Saorga an Iarthuaiscirt, Ionad INSIGHT um Anailísíocht Sonraí de chuid Thaighde Éireann agus Anailísíocht AI agus Sonraí Thodhchaíochtaí COC tar éis compháirtíocht a bhunú mar thaca le comhoibriú sa gheopholaitíocht, AI agus slándáil náisiúnta. Tá comhpháirtíocht idir COC agus *Pfizer* ar Chógaisíocht Feasta COC, faoi stiúir an Ollaimh Anita Maguire, an Ollaimh Melissa Hanna-Brown agus an Ollaimh Abina Crean, chun fionnachtain agus déantúsaíocht drugaí a chur chun cinn. Tharla comhoibriú idir an Ollamh Maria McNamara, an Dr Valentina Rossi agus an Dr Tiffany Slater, Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhain agus Comhshaoil, agus foireann idirnáisiúnta chun *Mirasaura grauvogeli* a aithint, reiptíl Thriasach a bhfuil círíní ar nós cleitíní aici atá cosúil le cleití agus foilsíodh an taighde san irish chlúiteach *Nature*. Tá uirlis cheannródaíoch forbartha ag Joe Carroll agus Kuanysh Zhussupbekov, Candam agus Fótónaic, Fisic, chun ábhair a aithint a bheadh oiriúnach le haghaidh ríomhaireacht chandamach lochtlamhálach a foilisíodh in *Science*.

D'óstáil Scoil na Fisice Cruinniú Bliantúil Chumann Réalteolaíochta na hEorpa, 2025 a bhí ar an gcomhdháil ba mhó riamh a reáchtáladh in COC agus ní ba mhó na 1,500 toscaire i láthair. D'imir COC ról feiceálach nuair a d'óstáil Corcaigh Lá Mara na hEorpa, imeacht clúiteach bliantúil, i mí Bealtaine 2025 inar díríodh ar chúrsaí mara agus ar fhás fhuinneamh inbhuanaithe mara na bhfarraigí.



Taispeánann an tOllamh Séamus Davis Micreascóp Rothlaithe Torainn Candamach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, James Lawless, TD, agus é ar cuairt chuig COC chun Cruinniú Bliantúil Chumann Réalteolaíochta na hEorpa a oscailt.


Bhronn Ollscoil na Laitvia Dochtúireacht Oinigh ar an Ollamh Justin Holmes, Ceimic, as a shaothar den scoth sa cheimic nan-ábhar, sna hard-ábhair inbhuanaitheachta agus sa chomhoibriú eolaíochta idirnáisiúnta. Bhronn Ollscoil Massachusetts Lowell Dochtúireacht Oinigh ar Uachtarán COC, an tOllamh John O'Halloran, Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhain agus Comhshaoil, mar chomóradh ar a cheannaireacht iontach chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn san Ardoideachas. Fuair an tOllamh Anita Maguire, Ceimic, Duais *Bader* don Cheimic Orgánach ó Chuman Ríoga na Ceimice sa bhliain 2025.


Bhí Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha ar an gcéad Scoil in COC a ghnóthaigh Gradam Airgid ó *Athena Swan*, rud atá mar thagarmharc bairr feabhais i gcothromaíocht inscne agus éagsúlachta san ardoideachas.

D'éirigh thar barr le mic léinn chomh maith agus bhí Kieran Maye agus James Pearce, Ailtireacht, sa chraobh i nDámhachtainí *EUmies agus Creative Europe "Young Talent in Architecture 2025"*. Bhuaigh Aideen McCabe, Bithcheimic agus Cillbhitheolaíocht comórtas Thráchtais Trí Nóiméad, arna reáchtáil ag Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA), as an gcur i láthair a dhein sí ar mhodhanna aimsithe luaith san ailse ubhagáin.

An tOllamh McNamara
agus an Dr Rossi le sampla
den iontaise ina léirítear
armas Mirasaura

## Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia *go hachomair*




**9**
Scoil

**17**
Cúrsa Fochéime

**24**
Cúrsa Iarchéime

**836**
Iontógáil Fochéimithe*

**16.4%**
Iontógáil Rochtana

**95.1%**
Coinneáil na Chéad Bhliana (23/24 - 24/25)

**94.3%**
Infhostaitheacht Céimithe

**€34m**
(Roimh iniúchadh)
Ioncam Taighde

**Eolaíochtaí Talmhaíochta 84**
Rangú Domhand QS de réir Ábhair

**Eolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia 46**
Rangú Ábhar Domhanda Shanghai

**Micribhitheolaíocht 63**

**Eolaíochtaí Talmhaíochta 87**

Rangú Ábhar *US News*



# 9. Taighde agus Nuálaíocht



An Dr Louise Firth, ar clé, léachtóir sinsearach le héiceolaíocht mhara in COC, le mac léinn PhD Corryn Knapp, ag an gcéad Bhalla Mara Beo in Éirinn atá tógtha sa Chóbh, Co Chorcaí.

## Todhchaíochtaí COC

Mar ollscoil diantaighde, bíonn COC ar thóir na fírinne agus an eolais sna réimsí bunaidh agus feidhmeacha, rud a imríonn tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch ar an bpobal lasmuigh den eagraíocht. Mar atá leagtha amach in Go *Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC, 2023 -2028*, tá an institiúid tiomanta do bharr feabhais a chur ar phríomhréimsí taighde a bhfuil ag éirí leo tríd an gcreat *Todhchaíochtaí COC* chomh maith le réimsí nua a aithint agus a chumasú. Anuas air sin, tugtar tacaíocht, aitheantas agus spreagadh don taighde den chéad scoth a bhíonn ar bun ag ár bpobal taighde.

Todhchaíochtaí COC:

- Institiúid na hInbhuanaitheachta
- Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar
- Micribhithóm agus Sláinte an Bhia
- An Leigheas Feasta
- Na Daonnachtaí Feasta
- An Chógaisíocht Feasta
- Aoisiú agus Eolaíocht Inchinne Feasta
- Leanaí
- Candam agus Fótónaic
- Intleacht Shaorga agus Anailísíocht Sonraí

Braitheann an Creat *Todhchaíochtaí COC* ar mhaoiniú nach beag chun taighde a chumasú i ndisciplíní éagsúla atá thar barr, comhoibritheach agus a imríonn tionchar. Cuireadh tús le linn bhliain na tuarascála seo le *Polasaí Chreat Thodhchaíochtaí COC* ina ndéantar costais a chur faoi réir ag gach réimse téamach nó ag Ionad Taighde Straitéisigh Feasta (FSRC), a éascaíonn tacaíocht straitéiseach, tuairisciú trédhearcach agus próisis leithdháilte forchostas uasdátaithe, fad is a choinnítear sreafa oibre airgeadais.

## Bonneagar Taighde

Fuarthas €1.6 milliún mar mhaoiniú ó Dheontas Uirlisí Taighde Ardoideachais (HEREG) 2024/25 chun barr feabhais a chur ar bhonneagar taighde COC agus tús áite á thabhairt do luach ar airgead agus tionchar straitéiseach. Dhírigh an maoiniú ar chroí-shaoráidí roinnte agus tionscadail i gcomhar i sé Réimse Thodhchaíocha, Seirbhísí Bitheolaíochta agus bonneagar Thaighde TF. Ar infheistíochtaí móra bhí na tionscadail Living Seawalls agus Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (HPC) agus an t-ionad bairr feabhais Bonneagar Ríomhaireachta Taighde. Tá saoráid HPC mar áit lárnach do ghrafaicí agus aonaid lárphróiseála, agus tacaítar ann le hardtaighde ó mhúnlú aeráide, geo-eacnamaíocht go AI, agus neartaítear comhoibriú COC le hIonad Éireann um Ard-Ríomhaireacht (IHEC) agus EuroHPC.

## Cultúr an Taighde

Mar chuid den tionscnamh "Fréamhacha Taighde", sheol COC Suirbhé ar Chultúr an Taighde chun ionracas, eitic, taighde oscailte agus iontaoibh a chur chun cinn ar fud na hollscoile. Faoi stiúir Oifig an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta i gcomhar le Leabharlann COC, agus arna thacú ag tionscadal CATALISI *Horizon Europe*, bailíodh léargais sa suirbhé ó thaighdeoirí ag gach céim dá ngairm agus baineadh leas as an eolas seo chun timpeallacht taighde a fhorbairt a bhí níos ionchuimsithí agus níos freagrúla. D'eisigh foireann ABOARD ,atá á comhstiúradh ag COC, tuairisc achoimre trí Fhóram Taighde Oscailte Náisiúnta (NORF) ar dhearcthaí thaighdeoirí na hÉireann i leith an Taighde Oscailte agus anMheasúnaithe Taighde Fhreagrúil. Léirítear sa suirbhé go bhfuil feasacht láidir ann ach nach bhfuil a leithéid á chur i bhfeidhm go cothrom in institiúidí éagsúla. Beidh na torthaí seo, mar aon le hionchur ó lucht maoinithe agus páirtithe leasmhara, mar threoir do mholtaí polasaí ABOARD atá le teacht. Cuireadh arís le ceannaireacht náisiúnta COC i gcúrsaí Taighde Oscailte agus David O'Connell, Stiúrthóir Tacaíochta agus Polasaí Taighde, mar chomhstiúrthóir ar Chaibidil Náisiúnta na hÉireann den Chomhghuaillíocht um Measúnú Taighde a Chothú (CoARA), grúpa de nach mór 800 eagraíocht atá tiomanta d'athchóiriú a dhéanamh ar na modhanna agus na próisis ina ndéantar taighde, taighdeoirí agus eagraíochtaí taighde a mheas.

## Nuálaíocht agus Fiontraíocht

Tá COC sa chéad áit as measc na n-ollscoileanna Éireannacha (2024) i roinnt méadrachtaí aistrithe eolais agus teicneolaíochta, lena n-áirítear ioncam taighde thionsclaíoch (€8 milliún), nochtaí fionnachtainí agus bogearraí, agus ceadúnais, roghanna agus sannacháin mar atá breactha i Suirbhé Bliantúil Aistrithe Eolais ó Aistriú Eolais Éireann.

Seoladh trí mhac-chuideachta le linn bhliain na tuarascála seo leis (Vivid Photonics, Juvant agus PulpoSemi). Chruthaigh taighdeoirí COC 69 nochtadh nuálaíochta, agus 8 bpaitinn le linn bhliain na tuarascála seo.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, seoladh Tairseach nua Caidrimh Gnó agus i mí na Samhna 2024, cuireadh fáilte roimh cheannairí gnó sinsearacha ar an gcampas nuair a reáchtáladh an chéad imeacht Caidrimh Gnó inar léiríodh ról Nuálaíocht COC chun comhpháirtíochtaí tionsclaíochta a éascú, chomh maith le taighde i gcomhar agus lucht saothair den scoth a fhorbairt.

Ceadaíodh
8
bpaitinn

Seoladh
3
mhac-chuideachta



An tOllamh John F. Cryan, An Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta; Rachel O'Leary, Stiúrthóir ar Chaidreamh le Gnó, Nuálaíocht COC; An tOllamh Paul McSweeney, An Leas-Uachtarán Foghlama agus Teagaisc; an tOllamh John O'Halloran, MRIA, Uachtarán COC; Maria McKnight, Bainisteoir Sinsearach, Banc na hÉireann; agus Sean O'Driscoll, Cathaoirleach, Údarás Rialaithe COC.

Seoladh Tuairisc Thionchar Nuálaíochta COC, 2024 i mí an Mhárta 2025 agus mínítear ann conas a aistríonn taighdeoirí COC a gcuid saineolais agus cruthaitheachta i dtionchar fírinneach ar fud an champais. Fuarthas aitheantas náisiúnta agus €1 mhilliún faighte ag clár IGNITE Nuálaíocht COC faoi chlár Cás-Staidéar Measúnaithe Tionchair an ÚAO, rud a léiríonn barr feabhais agus tionchar dearfach ghníomhaíochtaí fiontraíochta COC.

Bhunaigh an tOllamh Noel Caplice, i gcomhar le comhghleacaithe ó Scoil an Leighis agus Arrotek Medical, an mhac-chuideachta ProVascTec agus bronnadh €2.5 milliún uirthi mar dhámhachtain Chiste na Nuálaíochta Teicneolaíochta Bunathraithí i mí Mheán Fómhair 2025. Tháinig Anestronic (Institiúid Náisiúnta Tyndall) agus FemmeBiome (APC Micribhithóm Éireann) sa dara agus sa tríú háit faoi seach i gcomórtas fiontraíochta IDEATE Éireann.



Eamon Curtin, Stiúrthóir Chlár IGNITE, Nuálaíocht COC, agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta James Lawless, TD.

## Maoiniú Taighde

Le linn bhliain na tuarascála seo, gnóthaíodh €131.8 milliún carn ceannródaíoch maoinithe taighde in COC, go háirithe ó *Horizon Europe* agus cláir eile nach é. Bhí COC ar an gcéad ollscoil in Éirinn a ghnóthaigh ioncam taighde dar le Suirbhé Bliantúil Aistrithe Eolais KTI 2024. Ag mí Mheán Fómhair 2025, bhí 179 dámhachtain *Horizon Europe* gnóthaithe ag taighdeoirí COC dar luach níos mó ná €132 milliún. Is ionann na dámhachtainí atá faighte go dtí seo agus 102% de sprioc institiúideach COC i leith chlár *Horizon Europe* - €130 milliún thar sheacht mbliana an chláir. Ó bunaíodh í sa bhliain 2007, tá dea-theist ar chláir mhaoinithe Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) ar fud an domhain agus na hEorpa mar shlat tomhais de shárthaighde.

Tá uaillmhian COC neartaithe aige go n-éireoidh leis san iomaíocht ar na dámhachtainí clúiteacha seo agus rinne sé 14 iarratas ar archaighdeáin ar Ghairm Ard-Deontas ERC 2025 agus iarratas amháin ar ghairm Cruthúnas Coincheapa ERC a bhí dírithe ar thaighde ceannródaíoch a aistriú i dtionchar follasach ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar. Leagann a leithéid an bhunchloch faoi phíblíne leanúnach na rathúlachta.

Daingníodh COC mar cheannaire san Eoraip san iomaíocht a bhaineann le maoiniú ERC agus bronnadh €1.5 milliún ar an Dr Gillian Murphy, Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar COC agus Síceolaíocht Fheidhmeach as Deontas Tosaigh ERC chun tionscadal a stiúradh ar chuimhní bréagacha. Ghnóthaigh an tOllamh Ali Khashan ó Thodhchaíochtaí na Leanaí agus Ionad Taighde INFANT agus an Dr Simon Woodworth, atá i gceannas ar thionscadal Córais Bainistíochta Faisnéise (MIS), €5 mhilliún ó *Horizon Europe* chun sláinte na máithreacha agus na leanaí in Oirthear na hAfraice a athrú ó bhonn. Gnótaíodh ceithre Dhámhachtain nua ó Chomhairle Taighde na hEorpa le linn bhliain na tuarascála seo, agus anois tá 16 dhámhachtain ERC gnóthaithe ag COC faoi Chlár *Horizon Europe*.

## Taighdeoirí den Chéad Scoth

D'fhoilsigh taighdeoirí COC 17,835 foilseachán taighde idir 2020 agus 2025. I mí Bealtaine 2025, toghadh cúigear acadóirí COC ar Acadamh Ríoga na hÉireann de bharr an tsaothair as cuimse atá déanta acu i gcúrsaí taighde agus de bharr a gcuid seirbhíse poiblí. Is í seo an onóir acadúil is airde in Éirinn agus toghadh 28 ball le linn bhliain na tuarascála seo. Ba iad an tOllamh Holger Claussen, an tOllamh Mary Donnelly, a tOllamh Nuala Finnegan, an tOllamh Paul McSweeney agus an tOllamh Denis O'Mahony na hacadóirí a toghadh agus tá 55 acadóir COC san RIA anois.

Comhoibríonn taighdeoirí COC le 6,586 institiúid ar fud an domhan i 146 tír. D'ainmigh Anailísíocht *Clarivate* 2024 naonúr taighdeoirí COC i measc an chéad 1% d'acadóirí a ndearnadh tagairtí dóibh. Chláraigh 295 mac léinn PhD in COC le linn bhliain na tuarascála seo.

**16**
16 dhámhachtain nua Chomhairle Taighde na hEorpa

**€132.8m**
mar íostarraingt *Horizon Europe* ó 2021

**An 1ú**
hollscoil in Éirinn ó thaobh ioncam taighde na tionsclaíochta de

**€131.8m**
milliún i maoiniú taighde seachtrach nua



An tOllamh Paul McSweeney, an tOllamh Nuala Finnegan, an tOllamh Holger Claussen, an tOllamh Mary Donnelly agus an tOllamh Denis O'Mahony i dteannta Uachtarán RIA, an tOllamh Pat Guiry.

295
mac léinn PhD nua cláraithe

17,835
foilseachán taighde idir 2020 agus 2025

6,586
comhpháirtíocht institiúideach i

146
tír

## Feabhsú Cáilíochta

Rinneadh athbhreithniú téamach ar thaithí na foghlama dochtúireachta ar fud COC agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall le linn bhliain na tuarascála seo. Scrúdaíodh na nithe seo a leanas san athbhreithniú: conas a leabaítear na scileanna agus na torthaí atá luaite i ráiteas náisiúnta Scileanna Dochtúireachta an IUA agus i Ráiteas Scileanna Dóchtúireachta an EUA; tionchar na maoirseachta ar cháilíocht agus comthromas thaithí foghlama na mac léinn agus na hidiréadain acadúla agus riaracháin a theastaíonn chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do shaolré na dochtúireachta ó pheirspictíocht an fhoghlaimeora. Tháinig sé chun solais go bhfuil baill foirne ag gach leibhéal an-tiomanta d'oideachas dochtúireachta ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus thug an chuid ba mhó de mhic léinn le fios go raibh taithí dhearfach acu. Moladh go láidir ann go bhforbrófaí Coláiste Dochtúireachta mar struchtúr, rud atá coitianta in ollscoileanna ar fud an domhain ina bhfuil fócas láidir taighde agus nuálaíochta, chun mol taighde a sholáthar do thaighdeoirí iarchéime, chun rialachas a chuíchóiriú agus chun eispéireas foghlama cothrom a chinntiú. Tá Déan an Léinn Dochtúireacta ag plé le torthaí an athbhreithnithe seo.

## Dámhachtainí Taighde agus Nuálaíochta 2025


Reáchtáladh Dámhachtainí Taighde agus Nuálaíochta COC i mí Bealtaine 2025 agus leagadh béim ar bharr feabhais taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta i measc phobal taighde uile na hollscoile i ngach disciplín. Bronnadh dámhachtainí in dhá chatagaóir is fiche agus cúig cinn díobh seo ag tabhairt aitheantais do ghaiscí fiontraíochta agus nuálaíochta ar leith.

Taighdeoir na Bliana, an tOllamh Tom Birkett, Scoil an Bhéarla agus na nDaonnachtaí Digiteacha; Mac-Chuideachta na Bliana, an Dr Mark O'Sullivan, POF NeuroBell; Buaiteoir an Ghradaim um Ghaisce Gairme Taighde, an tOllamh Caitriona O'Driscoll, Scoil na Cógaisíochta.



## Research and Innovation Award Winners 2025

| Catagóir na Dámhachtana | Buaiteoir |
|---|---|
| **Gradam um Ghaisce Gairme Taighde** | An tOllamh Caitriona O'Driscoll<br>An tOllamh Alan Dobson |
| **Taighdeoir na Bliana** | An tOllamh Tom Birkett |
| **Luath-Thaighdeoir na Bliana** | An Dr Sanathana Konugolu Venkata Sekar<br>An Dr Kian Mintz-Woo |
| **Foireann Taighde na Bliana** | Foireann Taighde *Atlas of the Irish Civil War*: An Dr Helene O'Keeffe, an Dr John Crowley, an Dr Donal Ó Drisceoil, an Dr John Borgonovo, Mike Murphy, an Dr Andy Bielenberg, John Dorney, Charlie Roche |
| **Mac Léinn PhD na Bliana, an tOllamh Adrian Dixon, COC 180** | Niamh Guiry<br>Prakriti Dasgupta |
| **Mac Léinn PhD na Bliana Dhéan an Léinn Iarchéime** | Cathal O'Connor |
| **Mac Léinn PhD na Bliana, an tOllamh Adrian Dixon, COC 180** | An Dr Valentina Rossi |
| **Maoirseoir Taighde na Bliana** | An tOllamh Guangbo Hao<br>Brian Corbett |
| **Cumarsáidí Taighde na Bliana** | An Dr Michelle McKeown |
| **Íomhá Taighde na Bliana** | *Brain Pipelines* – an Dr Jatin Nagpal, an Dr María Aburto, Koushika Chandrasekaran, Lorena Morales García, Alexandre Jean Claude Cergneux<br>*Panorama Europa* - an Dr Luigi Lonardo, an tOllamh Fiona Kearney, Claire Halpin |
| **Duine Tacaíochta Taighde na Bliana** | Niamh Mundow<br>Jerry Deasy |
| **Gradam an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta sa Taighde Idirdhisciplíneach** | An Dr Mohamad Saab |
| **Foilseachán na Bliana a raibh Mac Léinn Fochéime mar Údar aige** | Ava McCoy |
| **Gradam Taighde na hEolaíochta Oscailte** | An Dr Lijuan Qian |
| **Cultúr um Iompar Freagrach Taighde a Chruthú** | An Dr Irene Kavanagh, an Dr Aoife Coffey, an tOllamh Orla Lynch, an Dr Barry Monaghan, an tOllamh Eric Moore, an tOllamh Ronan Carbery, an tOllamh Yvonne Nolan |
| **Gradam an Uachtaráin um Thaighde a Imríonn Tionchar ar na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe** | Foireann Tionscadail *CAPACITY* i nGrúpa Funnimh, Polasaí agus Múnlaithe in MaREI: An tOllamh Brian Ó Gallachóir, an tOllamh Hannah Daly, an Dr Fionn Rogan, an Dr Paul Deane, an Dr Vahid Aryanpur, an Dr Tomas Mac Uidhir, Aisling Murphy, Bakytzhan Suleimenov |
| **Taighde Gafa na Bliana** | Tionscadal Taighde *Hidden Grief*: An Dr Sharon Lambert, an Dr Daniel O'Callaghan, Aaron Bolger, Mark Wright |
| **Fionnachtain na Bliana** | *Raman for Lactate*: Ray Burke, an Dr Simon Toft Sorenson, an Dr Jason Yang, an Dr Rekha Gautam, an Dr Huihui Lu – Tyndall; an tOllamh Fergus McCarthy – Leigheas/INFANT |
| **Imeacht na Bliana** | *BarraLake*: An tOllamh Mark Hutchinson, an tOllamh Philip O'Reilly, an Dr John O'Brien, an Dr Panos Kyziropoulos |
| **Mac-Chuideachta na Bliana** | *Neurobell* – an Dr Mark O'Sullivan, an Dr Alison O'Shea, Colm Murphy |
| **Comhairliúchán na Bliana** | An tOllamh Hannah Daly |
| **Gnólacht Nuathionscanta na Bliana** | *PrimaHealth* - Danny McEnery |



Taighdeoir Tyndall, an Dr Sanathana Konugolu, Venkata Sekar. Grianghraf le Clare Keogh.

# 10. Caidreamh Domhanda



Bronntaí Céimeanna an Fhómhair Grianghraf le Debbie Hickey.

## An Plean um Chaidreamh Domhanda

Seoladh an chéad Phlean um Chaidreamh Domhanda in COC i mí Aibreáin 2025 d'fhonn cuspóir straitéiseach a bhaint amach chun próifíl dhomhanda na hollscoile a neartú agus chun cur lenár dtionchar domhanda. Leagtar amach gníomhartha faoi cheithre phríomhchuspóir: Barr feabhais Domhanda; Tionchar; Compháirtíochtaí; agus Saoránacht, cruthaítear cosáin sa Phlean ar mhaithe le caidreamh, comhpháirtíochtaí agus dea-theist a bhainistiú. Tá an Plean aistrithe san iliomad teangacha agus bunaíodh Coiste um Chaidreamh Domhanda Fhoireann Ceannais na hOllscoile chun maoirseacht a dhéanamh ar chun i bhfeidhm an Phlean.

Tá éabhlóid tagtha ar Oifig an Leas-Uachtaráin um Chaidreamh Domhanda chun cumarsáid, margaíocht, dea-theist a bhainistiú agus earcú na mac léinn a athrú ó bhonn faoi réir ag Plean Straitéiseach COC 2023 – 2028 agus an Plean um Chaidreamh Domhanda. Bhog an Lárionad Teanga go dtí an Oifig sin i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus bhog Earcú na Mac Léinn ann i mí Aibreáin 2025.

Tharla roinnt cuairteanna straitéiseacha thar lear le linn bhliain na tuarascála seo. D'fhreastail an tOllamh Sarah Culloty, Ceann Choláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia ar imeacht nasctha cathracha idir Corcaigh agus Shanghai in Shanghai. Thug an tOllamh Ursula Kilkelly, an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda, cuairt ar Cheanada leis an ÚAO mar ar díríodh ar chomhoibriú straitéiseach idir Ceanada agus Éire, agus Ceanada ag tosú ar bhonn iomlán le *Horizon Europe*. Thug an tOllamh Ursula Kilkelly cuairt ar San Francisco cathair nasctha Chorcaí, agus ghlac páirt le toscaireacht Chathair Chorcaí i gcruinnithe le consalacht na hÉireann, an IDA agus

## Seoladh an Plean um Chaidreamh Domhanda



An tOllamh Ursula Kilkelly, an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda ag cur fáilte roimh mhic léinn idirnáisiúnta go dtí COC. Grianghraf le Daragh McSweeney.

bhuail sí le alumni agus compháirtithe daonchairdis agus acadúla. Bhí toscaireacht faoi stiúir an Uachtaráin in éineacht le toscaireacht Mhéara Chontae Chorcaí in Chicago mar chomóradh ar ár nascadh le Cook County Illinois. Reáchtáladh imeachtaí chun gréasáin a chruthú le alumni, ceannairí gnó agus compháirtithe daonchairdis, chomh maith le cuairt ar Ollscoil Northwestern, ar fógraíodh go raibh compháirtíocht straitéiseach curthaithe léi maidir le AI agus Geopholaitíocht.

## Comhghuaillíocht na nOllscoileanna Eorpacha

Reáchtáladh sé Scoil Samhraidh / Dhianchlár Chumaisc i gcomhar le hollscoileanna comhpháirtíochta UNIC lena n-áirítear Scoil UNIC an Fhómhair ar Inbhuanaitheacht Idirnáisiúnta, clár nua ina bhforbraítear cumais cheannaireachta i measc mac léinn agus taighdeoirí. Bhuaigh comhchlár Máistreachta UNIC arna mhaoiniú ag *Erasmus* Mundus, RePIC (MSc in Athdhearadh na Cathrach Iar-Thionsclaíche), an Clár Máistreachta is Fearr – Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Timpeallacht Thógtha ag Dámhachtainí Oideachais 2025 agus bronnadh an iarchéim seo ar mhic léinn den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2025. le linn bhliain na tuarascála seo, chuathas ar 76 turas ar leith go dtí comhpháirtithe UNIC a raibh thart ar 25% d'fhoireann na Seirbhísí Gairmiúla páirteach iontu.

## Ollscoil Tearmainn

Sa bhliain 2025, ceapadh Ceann an Tearmainn agus bunaíodh Fochoiste Tearmainn chun go mbeadh COC creidiúnaithe arís mar Ollscoil Tearmainn. Bronnadh cúig Scoláireacht Tearmainn fochéime, ag tacú leis an rochtain ar ardoideachas do mhic léinn ó chúlraí na dteifeach. Lean COC lena cheannaireacht náisiúnta ar Chlár Chosáin Oideachais na hÉireann i gcomhpháirtíocht straitéiseach leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, UNHCR Éireann agus Nasc. le linn bhliain na tuarascála seo leis, d'fháiltíomar roimh cheathrar taighdeoirí Pailistíneacha (scoláirí i mbaol) mar chuid de chlár maoinithe taighde i Scoil an Dlí. Tá COC gníomhach i gcur chun cinn polasaí náisiúnta agus Ceann an Tearmainn ceaptha mar Chomh-Chathaoirleach ar Choiste Ollscoileanna Tearmainn na hÉireann.



## An Lárionad Teanga

Chláraigh 22 mac léinn ar chúrsaí Béarla réamhsheisiúin an Lárionaid Teanga. Tháinig an chuid ba mhó díobh seo (95%) ón tSín. Chuaigh na mic léinn seo le 16 chlár céime éagsúla sna healaíona agus san heolaíochtaí. Ghlac ceathrar Scoláirí Tearmainn na bliana acadúla iomláine agus triúr Scoláirí Tearmainn páirt inár gcúrsa ceithre seachtaine i mBéarla Gnó agus Gairmiúil.

## Earcú Mac Léinn

Tháinig ní ba mhó cuairteoirí ná riamh go dtí Lá Oscailte na bhFochéimithe i mí Mheán Fómhair 2024, mar ar ghlac 10,000 ar fad páirt i 220 caint agus ceardlann, iad ag tabhairt cuairt ar níos mó ná 100 seastán. Thug foireann earcaithe na mac léinn cuairt ar ní ba mhó ná 200 meánscoil agus ghlacadar páirt i ní ba mhó ná 100 aonach earaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cláir fo- agus iarchéime a chur chun cinn. Díríodh sa Taispeántas Iarchéimeanna bliantúil i mí Eanáir 2025 ar chláir Mháistreachta agus PhD agus mealladh rannpháirithe as measc fochéimithe COC chomh maith leo siúd atá in institiúidí ardoideachais eile. Ina theannta sin, sheol COC ardán nua na bpiaraí mar thaca le mic léinn idirnáisiúnta agus iarchéime nua chun naisc a chruthú agus chun cur amach a fháil ar COC roimh dóibh teacht ar an gcampas.

Tugadh faoi thionscadal suntasach pleanála sonraí chun spriocanna ilbhliantúla le haghaidh iontógála clár a aithint. Cuirfear iad seo ar fáil trí phleananna comhiomlána earcaithe agus réigúnacha i gcur chuige uaillmhianach nua i leith earcú na mac léinn.

**220**
Caint agus ceardlann ag an Lá Oscailte

Nach mór
**10,000**
i láthair ag an Lá Oscailte

## Meáin agus Cumarsáid

Le linn bhliain na tuarascála seo, chomhoibrigh COC leis an Irish Examiner chun sé phodchraoladh ar olltoghchán na hÉireann a léiriú agus deineadh iad a thaifeadadh i stiúideo 98.3FM in COC mar a raibh iriseoirí ón Irish Examiner páirteach iontu chomh maith le hacadóirí agus mic léinn COC. I gcomhar leis an Leabharlann, chomhoibrigh COC le hIarsmalann Hunt ar thaispeántas poilbí de Chartlanna Richard Harris i Luimneach.


Lá Oscailte Earcaithe na Mac Léinn. Íomhá: Debbie Hickey



**7,676**
Mac Léinn ar bronnadh Céim orthu

## Ealaíona agus Cultúr

Cuireadh críoch lenár bPlean Ealaíon agus Cultúir athnuaite i mí Meithimh 2025. Bunaíodh dhá choiste ar Shócmhainní Ealaíon agus Cultúir agus ar Ealaíona agus Cultúr ar mhaithe le comheagrú agus maoirseacht níos fearr sa ghné seo. I samhradh 2025, i gcomhar leis an Leabharlann, reáchtálamar taispeántas trí mhí ar Leabhar Mór na hÉireann agus bhí sé seo mar chuid de thuras an champais ó Sheirbhísí na gCuairteoirí. Bhí baint lárnach ag COC le mórchuid ceiliúrthaí le linn bhliain na tuarascála seo agus compháirtíochtaí agus obair i gcomhar ar siúl. Chuireamar sraith imeachtaí ar fáil le linn Fhéile Lár an tSamhraidh Chorcaí a raibh Claudia Rankine, Pat McCabe agus daoine eile páirteach ann agus ba in COC a taispeánadh Kinship go poilbí den chéad uair riamh, clár faisnéise Dorothy Cross ar an bhfilíocht, mar chuid den fhéile Fuaimeanna ó Chuan Sábháilte. I mí Mheán Fómhair 2025, reáchtálamar Oíche Chultúrtha a bhí ar an oíche ba chuimsithí agus imeachtaí ar siúl ar an gcampas agus lasmuigh de.




Leathanach as Leabhar Mór na hÉireann

## Margaíocht agus Tionchar an Bhranda

Cuireadh críoch le mórthionscadal ar amharc-aithne na hOllscoile le linn bhliain na tuarascála seo, agus bunaíodh cur chuige aon-ollscoile i leith ár mbranda, in áit an chur chuige go dtí sin nach raibh cuimsitheach. Tá ardán nua chun ticéid a cheannach ar líne seolta agus tá sé seo tar éis cur go mór leis an bhfoinse ioncaim seo.

Sa bhliain 2024, cuireadh tús leis an obair chun lorg carbóin a laghdú a thagann as ár suíomh idirlín agus spásanna digiteacha eile Rinneadh inbhuanaitheacht shuíomh idirlín COC a scrúdú i dtionscadal píolótach (www.ucc.ie), mar gurb é seo ár bpríomh-bhealach cumarsáide agus tá níos mó na 35,000 leathanach ann a dtugann 5 mhilliún cuairt orthu gach bliain. Rinneadh measúnú san iniúchadh píolótach seo ar inbhuanaitheacht na leathanach, forbraíodh cleachtais le cur i bhfeidhm chun inbhuanaitheacht an tsuímh idirlín a fheabhsú agus scrúdaíodh tionchar na n-idirghabhálacha seo. Laghdaíodh úsáid sonraí de bharr na hoibre seo, feabhsaíodh Rangú Carbóin Dhigitigh i gcuid de na suíomhanna agus cuireadh le soléiteacht cuid de na leathanaigh. Baineadh laghdú 19% ar úsáid sonraí i gcás na suíomhanna a bhí mar chuid den staidéar píolótach seo agus meastar gur baineadh laghdú tuairim is 65% ar astaíochtaí carbóin.

## Bronntaí Céimeanna

Dhein COC bronntaí céimeanna ar 7,676 mac léinn a cheiliúradh le linn bhliain na tuarascála seo. Ba chúis mhórtais dúinn deich gcinn de Dhochtúireachtaí Oinigh a bhronnadh ar dhaoine ar leith. Ba iad na daoine seo: Leslie Buckley; Dominic Casey, cóisteálaí Oilimpeach rámhaíochta ; Lily Collison, feachtasóir Pairilise Ceirbrí; Jeremy Irons, Aisteoir; Richard P Lehane, ceannaire gnó agus innealtóir; Tomás McCarthy, ceoltóir; Michael O'Flynn, forbróir réadmhaoine; Anne O'Leary, bean ghnó; Lord David Puttnam, déantóir scannán; agus Adi Roche, Daonnúlach.

Bronnadh Dochtúireachtaí Oinigh ar David Puttnam, Jeremy Irons, Adi Roche agus Dominic Casey.



**10**
gCéim Oinigh Bronnta

# 11. Ár bhFoireann, Ár gCultúr



Dámhachtainí bliantúla Aitheantas na Foirne agus Ghnólachtaí an Champais, 2024.

Bliain chlaochaitheach ab ea í seo do Dhaoine agus Cultúr in COC agus forbairt leanúnach ar siúl ar Phlean Daoine agus Cultúir 2025-2028 chomh maith le raon tionscnamh a chuireann bonn faoin tslí ina meallaimid agus ina gcoinneálaimid daoine agus ina dtacaímid leo. Tá Plean Straitéiseach COC, 2023 -2028 mar thaca le cur chuige nua comhtháite agus dírithe ar an todhchaí agus déantar ceangal idir gníomhaíochtaí dár gcuid mar Roinn Daoine agus Cultúir atá forásach. Nuair a chuirtear le chéile iad, léirítear sna tionscnaimh seo straitéis daoine atá cuimsitheach agus faoi smacht ina dtugtar tús áite d'ionchuimsiú, cumas, teacht aniar agus do chultúr inar féidir lenár bhfoireann bláthú agus iad ag cur le rathúlacht COC san fhadtéarma. Chomh maith leis sin tá samhail oibríochtúil á forbairt ar an Roinn Daoine agus Cultúir agus 'People Plus Project' ar bun aici chun go gcuirfí barr feabhais ar a tionchar straitéiseach. .

## Plean Daoine agus Cultúir COC, 2025-2028

Buaicphointe nach beag le linn bhliain na tuarascála seo ar thuras Dhaoine agus Chultúr COC ab ea an fhorbairt leanúnach ar Phlean Daoine agus Cultúir COC, 2025-2028. Agus an plean á thiomsú, chuathas i gcomhairle go forleathan ar fud an champais, agus leagtar amach ann fís mhisniúil chun barr feabhais a chur ar chúrsaí, daoine a mhealladh agus a choinneáil, cultúr ionchuimsitheach agus bríomhar a chothú; ceannaireacht a spreagadh; feidhmíocht agus fás a neartú; agus cur le héifeachtúlacht eagraíochtúil. Ina theannta sin, rinneadh an-dul chun cinn chun coincheap na samhla oibríochtúla sa Roinn Daoine agus Cultúir a uasdátú, seoladh tionscnaimh nua forbartha ceannaireachta, feabhsaíodh tacaíochtaí folláine, leabaíodh cuir chuige phleanála an lucht saothair straitéiseach. Deineadh amhlaidh chun Plean Straitéiseach COC 2023 -2028 a chur i bhfeidhm le go mbláthóidh ár ndaoine.

Tá an Tionscadal um Éabhlóid Chultúrtha mar bhunchloch chun Plean Daoine agus Cultúir 2025-2028 a chur i bhfeidhm agus chun cuspóir straitéiseach na hOllscoile a bheith mar institiúid atá bunaithe ar luachanna agus ionchuimsitheacht agus í dírithe ar an am atá le teacht. Rinneadh plé fairsing le baill foirne agus mic léinn agus tá an tionscadal seo faoi réir ag ár gcuid luachanna (Báúlacht, Lúfaireacht, Ionracas, Meas, Fionnachtain, Cothromas, Cuntasacht agus Inbhuanaitheacht) agus beifear in ann comhoibriú, nuálaíocht agus folláine a chur chun cinn. Agus infheistíocht á déanamh againn i gcúrsaí ceannaireachta, Seaimpíní Cultúrtha á gcumasú againn, agus ár gcuid luachanna á leabú againn i ngnáthchleachtais laethúla, tá an bunús cultúrtha á thógáil againn a bhfuil gá leis chun tacú le tosaíochtaí straitéiseacha - ó inbhuanaitheacht an lucht saothair go dtí barr feabhais ionchuimsitheach - agus chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil ár ndaoine i lár an aonaigh agus COC ag dul chun cinn.

## Pleanáil d'Acmhainní, Comharbas agus Foireann den Scoth

Le linn bhliain na tuarascála seo ghlacamar le cur chuige athnuaite agus comhtháite i leith pleanála um lucht saothair straitéiseach ina gceanglaítear acmhainní, pleanáil comharbais agus forbairt ball foirne den scoth mar aon chreat institiúideach amháin. Léirítear leis seo, in áit a bheith frithghníomhach, go mbunófar dáileadh acmhainní ar fhianaise agus an t-am atá le teacht ina ndéantar róil thábhachtacha a thuar, ina gcuirtear le teacht aniar agus ina bhforbraítear cumas inmheánach. Tá pleanáil comharbais faoi réir ag pleanáil bhliantúil acmhainní anois, arna tacú ag anailís na ról tábhachtach, cosáin forbartha ceannaireachta, soghluaisteacht trí iasachtaí inmheánacha, agus píblíne a fhorbairt le go mbeidh foireann den scoth i réimsí an léinn agus na seirbhísí gairmiúla. Fágann an cur chuige comhtháite seo nach mbeifear ag brath ar bhaill foirne a earcú don ghearrthéarma, cinnteofar leanúnachas ceannaireachta agus saineolais agus neartófar teacht aniar na hinstitiúide toisc go mbeidh pleanáil daoine ceangailte le tosaíochtaí staitéiseacha, forbairt cumas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

## Ceannaireacht a Threisiú

Chun cumas ceannaireachta a threisiú ar fud na hollscoile agus chun tacú le Plean Straitéiseach COC 2023 -2028, tá forbairt cheannaireachta feabhsaithe againn agus tionscnamh nua seolta againn darb ainm LEAD@UCC. Cuirtear ar fáil sa chlár straitéiseach seo deiseanna forbartha inrochtana beaga chun cleachtais cheannaireachta leanúnacha agus chumasaithe a chruthú i ngach leibhéal den institiúid. Tá sé dírithe ar bhainisteoirí, cinn aonaid agus baill foirne a bhfuil dualgais bhainistíochta líne acu agus cuireann LEAD@UCC seisiúin phraiticiúla, ar líne ar fáil atá dírithe ar phríomhchumais cheannaireachta. Nuair a dhéantar infheistíocht i bhfás ar gceannairí reatha agus nua, tá cultúr á chruthú go gníomhach againn i gcúrsaí ceanaireachta, comhoibrithe agus cuntasachta chun go mbeidh COC in ann daoine den scoth a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil i dtimpeallacht an-iomaíoch.

## Promotional Pathways

Rinneadh céim shuntasach chun cinn le linn bhliain na tuarascála seo agus cosáin forbartha agus aitheantais céime á bhfeabhsú do ghrúpaí acadúla agus gairmiúla araon. Seoladh Scéim Eatramhach d'Ardaithe Céime Riaracháin tar éis athbhreithniú cuimsitheach ar na próisis go dtí seo, agus tugtar deiseanna ardaithe céime don fhoireann riaracháin anois atá níos soiléire agus níos inrochtana fad is atáthar i mbun athchóirithe fadtéarmacha. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn nach beag ar

an tionscadal Creat um Poist, Teaghlaigh agus Cumas a bheidh mar thaca le múnla ardaithe céime amach anseo atá trédhearcach, cothrom agus oiriúnach.

I gcomhar le hOifig an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora, tá raon cosán ardaithe céime athbhreithnithe curtha chun cinn againn, lena n-áirítear an tArdú Céime go dtí Lán-Ollamh a faomhadh le déanaí. Cuireann sé seo leis an bPolasaí athbhreithnithe um Ardú Céime Thar an mBarra Tuillteanais, Ardú Céime go dtí Léachtóir Sinsearach agus Ardú Céime go dtí Rialachán Scála 2 na nOllúna, rud a chruthaíonn timthriall rialta arduithe céime. Tá cosán nua go dtí Lán-Ollamh bunaithe go foirmiúil mar thaca le hardú céime acadúil go dtí an leibhéal acadúil is airde ardú céime. Anuas air sin, seoladh teidil acadúla oinigh, lena n-áirítear Ollamh Cliniciúil, rud a chuireann le cumas na hollscoile barr feabhais seachtrach agus cleachtas-bhunaithe a aithint. Tiomantas láidir COC is ea na forbairtí seo trí chéile i gcúrsaí acadúla agus riaracháin do na nithe seo: barr feabhais a aithint;; tacaíocht a thabhairt d'fhás gairmiúil agus acadúil; agus creat inbhuanaithe, trédhearach agus ionchuimsitheach a leabú le haghaidh arduithe céime. Cuireann siad lenar gcumas chun daoine a mhealladh agus a choinneáil agus chun iad a chúiteamh as a gcuid saothair ar son ár n-institiúide, ár straitéise agus dhul chun cinn ar mac léinn agus na bpáirtithe leasmhara.

## Polasaithe um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Folláine

Le linn bhliain na tuarascála seo deineadh dul chun cinn nach beag chun timpeallacht oibre thacúil agus ionchuimsitheach a chothú agus na polasaithe um chothromaíocht oibre is saoil agus folláine á bhforbairt. Seoladh dhá pholasaí nua de réir na reachtaíochta - An Ceart chun Cianobair a lorg agus An *Ceart chun Obair Sholúbtha a Lorg de bharr Dualgais Chúraim*. Tháinig siad seo i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2025. Cuirtear ar fáil don fhoireann sna polasaithe seo an ceart chun cianobair a lorg chomh maith le tacaíocht dóibh siúd a bhfuil dualgais chúraim orthu trí shocruithe oiriúnaithe solúbtha cosúil le hobair pháirtaimseartha, post roinnt, uaireanta an chloig dlúite nó obair chumaisc.

Cloch mhíle a bhfuil tábhacht náisiúnta léi ná gurb é COC an chéad institiúid a sheol Polasaí Tacaíochta um Chaillteanais Toircheas.




I láthair nuair a seoladh Polasaí Tacaíochta um Chaillteanais Toircheas bhí Tara Woulfe, Tuismitheoir mar Abhcóide, Grúpa Taighde ar Chaillteanais Toircheas in Ionad Taighde INFANT, COC, an Dr Avril Hutch, Stiúrthóir CÉI, An tOllamh John O'Halloran MRIA, Uachtarán COC, an Dr Marita Hennessy, Taighdeoir Iardhochtúireachta, Grúpa Taighde ar Chaillteanais Toircheas agus an tOllamh Keelin O'Donoghue, Príomh-Thaighdeoir INFANT, Obstatraí Comhairleach/ Léachtóir Sinsearach in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh (CUMH). Grianghraf le Provision.

## Ag Tacú le Scileanna Digiteacha agus Forbairt Cumas na Foirne

Tá COC tiomanta do lucht saothair a chothú atá muiníneach go digiteach agus ullamh don todhchaí mar chumasóir lárnach *Phlean Straitéiseach COC 2023 -2028*. Tá tionscnaimh ar bun i gcomhar le Seirbhísí TF, ar nós Mhol Scileanna Digiteacha na Foirne, chun cur chuige uile-ollscoile, straitéiseach a ghlacadh i leith cumas digiteach, agus an oiliúint agus na hacmhainní ar fad a chur faoi réir ag Creat Cumais Dhigitigh an AE (*DigComp*). Cinntítear leis an gcur chuige cuimsitheach seo go mbeidh baill foirne in ann dul i dtaithí ar theicneolaíochtaí nua, sonraí a úsáid go héifeachtach agus a bheith nuálach ina gcuid ról. Tá an infheistíocht leanúnach in uas-oiliúint dhigiteach mar thaca le cultúr na foghlama fadsaoil, cuireann sí le folláine agus feidhmíocht na foirne, agus neartaíonn sí cumas COC chun sárthimpeallacht acadúil agus ghairmiúil a chruthú atá chun tosaigh go digiteach.

## Dámhachtainí Aitheantais na Foirne

Tharla Dámhachtainí bliantúla Aitheantas na Foirne agus Ghnólachtaí an Champais i mí Dheireadh Fómhair 2024. Searmanas bliantúil i gcomhar is ea é seo ina n-aithnítear an tsár-obair ar son phobal COC atá ar siúil ag baill foirne agus ag fo-chuideachtaí na hOllscoile atá ag feidhmiú ar an gcampas.

| Catagóir na Dámhachtana | Buaiteoir |
|---|---|
| **Gradam um Chaidreamh ar fud an Champais** | MCC Paws @CC Team |
| **Feabhsú Eispéireas na Mac Léinn** | An Fhoireann Rochtana |
| **Feabhsú Eispéireas na Mac Léinn** | An tUas Sinéad Hackett |
| **Feabhsú Eispéireas na Mac Léinn** | Foireann Teilifíse COC |
| **Gradam an tSár-Shaoránaigh** | Foireann ACE um Staidéar Andúile Phríosún Chorcaí |
| **Buan-Ghradam Comhionannais agus Folláine Frank McGrath** | Painéal um Chóitseáil COC |
| **Gradam Tionchair** | An Dr Gerard McGlacken |
| **Gradam Tionchair** | An tUas James Northridge |
| **Gradam Tionchair** | An Dr Emanuel Mihai Popovici |
| **Gradam Ceannaireachta** | An tOllamh George Shorten |
| **Gradam an tSár-Chomhghleacaí** | An tUas Caitríona Doyle |
| **Gradam an tSár-Chomhghleacaí** | An tUas Catriona O'Sullivan |
| **Gradam an tSár-Chomhghleacaí** | An tUas Tomás Tyner |

# 12. Ár nÁit, Lorg Ár gCos



## 12.1 Campas Cónasctha go Digiteach

### Claochlú Digiteach an Taighde

I mí Meithimh 2025, seoladh cnuasach ríomhaireachta ardfheidhmíochta mar thaca le Todhchaíochtaí COC, ag cur lena réiteach stórála *Research Box* ar cuireadh tús leis i mí Meithimh 2024. Roghnaíodh *Pure* mar Chóras Faisnéise Taighde COC. Úsáidtear an t-ardán seo chun gníomhaíochtaí taighde a bhainistiú agus a chur ar taispeáint agus tagann sé in áit ardán *IRIS* a bhíodh in úsáid in COC. Beidh sé mar mhol lárnach chun faisnéis ar chúrsaí taighde ar fud na hollscoile a bhailiú agus a bhainistiú. I gcaitheamh 2025, dhein foirne Sheirbhísí TF agus Thaighde COC an t-ardán *Pure* a fhorbairt agus a thástáil agus beidh sé beo i mí na Nollag 2025.

### Rathúlacht na Mac Léinn a Chumasú go Digiteach

Le linn shamhradh 2024, rinneadh uasghrádú ar 44 seomra teagaisc ar fud an champais mar chuid de thiomantas COC do thimpeallacht foghlama ionchuimsitheach agus inrochtana. Bhí Seirbhísí TF i bhfeighil ar na huasghráduithe agus tháinig an maoiniú ó Rochtain COC.

Léiríodh i Suirbhé ar TF na Mac Léinn i mí an Mhárta 2025 go bhfuil 90% de mhic léinn sásta leis na seirbhísí TF a chuirtear ar fáil dóibh. Is é an chéad áit a dtéann na mic léinn le ceisteanna TF ná Tairsceach Sheirbhísí COC. Tháinig sé chun solais sa suirbhé go raibh an rogha faoin Tairseach ardaithe go dtí 18% - méadú 5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe - rud a léiríonn an t-athrú go dtí an domhan digiteach. As na mic léinn a d'fhreagair, bhí 46% díobh tar éis ticéid a logáil le Tairseach COC agus bhí 98% dearfach faoin mbunús eolais ann. As na freagróirí seo, úsáideann 53% díobh PCanna i saotharlanna agus beireann 27% díobh ríomhaire glúine leo

**90%**
de mhic léinn sásta le tacaíocht TF

Is fearr le
**18%**
díobh Tairseach COC

### Ag Tacú le Caidreamh Domhanda

Chomhoibrigh Seirbhísí TF le hOifig na Margaíochta agus Thionchar an Bhranda chun sócmhainní digiteacha a chur ar fáil ar mhaithe le hathnuachan branda COC, deineadh ailíniú ar chórais, cruthaíodh teimpléid agus cruthaíodh suíomh *SharePoint* don fhoireann mar thaca le branda COC atá digiteach sa chéad áit. Ó mhí Bealtaine 2024, tá lántairbhe á baint ag foirne an Chaidrimh Dhomhanda agus Earcaithe na mac Léinn as Sonraí mar Sheirbhís. Cuireann an tseirbhís seo ar chumas na foirne cinntí fíor-ama a dhéanamh atá bunaithe ar shonraí maidir le hearcú mac léinn idirnáisiúnta agus pleanáil rollaithe.

### Litearthacht Dhigiteach na Foirne

Táthar ag díriú i gcónaí san Ionad Comhairleach Digiteach (DAC) ar chumais dhigiteacha ár mball foirne a fheabhsú agus le linn bhliain na tuarascála seo reáchtáil siad 27 seisiún oiliúna Foghlama Beo don fhoireann. Dóstáil DAC agus an Fhoireann Fócais dhá cheardlann don fhoireann dar teideal *"Can Generative AI Help?"*. D'fhorbair Daoine agus Cultúr agus TF mol oiliúna na scileanna digiteacha mar chúnamh do bhaill foirne a gcuid scileanna digiteacha a fhorbairt.

Le linn bhliain na tuarascála seo tionóladh Coiste Bhailte Slachtmhara Digiteachta COC, agus phléigh 120 comghleacaí leis *an gCéad Lá Glantacháin Dhigitigh* in COC ar an 19 Aibreán 2025. Rinneadh ní ba mhó ná 700 geallúint foirne go gcaithfí ní ba mhó ná 1,2000 u.a.c. ag glanadh suas go digiteach. Díríodh ar inbhuanaitheacht agus folláine dhigiteach sa tionsnamh seo arna eagrú ag Gréasán Gníomhaíochta um Fheabhas Leanúnach COC i gcomhar le hAontas na Mac Léinn. Bhí tábhacht nach beag leis chun feasacht a thiomsú mar gheall ar an tionchar a imríonn tranglam digiteach ar an timpeallacht agus an fiúntas a bhaineann le nósanna digiteacha inbhuanaithe.

Coiste Eagraithe Lá Oscailte Glantacháin Dhigitigh COC Maurice Ryder, Sandra Barry, Chris McElligott, Michelle Nelson, Deirdre Keane, Katie Sandham agus Cian Power.



**98%**
sásta leis an mbonn eolais

Úsáideann
**53%**
PCanna i Saotharlanna

**>1,200**
u.a.c geallta le haghaidh tranglam digiteach a bhaint




An tOllamh Alan Kelly, Ceann Scoil na nEolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha, ag caint ag ionduchtú na mac léinn i Halla Léachta Boole 4 atá athchóirithe as an nua.

**>100**
úsáideoir laethúil Leabhrán Fíricí na Mac Léinn

**180m**
Imeacht slándála gréasáin gach mí

**>1,300**
ball foirne agus mac léinn páirteach in imeachtaí cibearshlándála

Cuid de na baill ar Choiste Bhailte Slachtmhara Digiteacha COC: Maurice Ryder, Michelle Nelson, Deirdre Keane agus Christopher McElligott, Katie Sandham, Claire Nolan agus Sandra Barry.

Tá Córas Airgeadais COC á aistriú go dtí an Néal, agus le linn bhliain na tuarascála seo cuireadh críoch leis an gcéad dá chéim d'uasghrádú teicniúil ar an mbunachar sonraí agus sinn ag ullmhú chun aistriú ar fad go dtí réiteach néil SaaS in 2026.

Sheol Seirbhísí TF agus Seirbhísí Acadúla *Leabhrán Fíricí na Mac Léinn* i mí Bealtaine 2025 agus, chomhoibrigh siad le Daoine agus Cultúr chun *Leabhrán Fíricí na mBall* Foirne a sheoladh i mí Mheán Fómhair 2025. Cuireann na deaiseanna féinseirbhíse seo an deis ar fáil don fhoireann chun teacht ar shonraí iontaofa agus dearbhaithe a bhaineann le clárú na mac léinn agus na foirne ar mhaithe le tuairisciú feabhsaithe agus cinnteoireacht.

Phróiseáil Tairseach Seirbhísí COC 28,178 ticéad as a raibh 16,767 ticéad féinseirbhíse. I mí Bealtaine 2025, chuaigh Foirgnimh agus Eastáit leis an Tairseach, agus is féidir le baill foirne ticéid a logáil agus a thraiceáil anois maidir le ceisteanna a bhaineann le foirgnimh.

### Ár gCampas Digiteach

Ar an meán, tharla imeachtaí slándála líonra 180 milliúin uair in COC in aghaidh na míosa, méadú 22% ar líon iomlán na bliana roimhe. Tá fás leanúnach ag teacht ar líon na n-imeachtaí cibearshlándála a bhailítear le haghaidh anailíse, agus seasann siad ar 2 mhilliún imeacht san u.a.c. anois. Pléadh le níos mó ná 1,300 ball foirne agus mac léinn le linn Mhí Feasachta na Cibearshlándála i mí Dheireadh Fómhair 2024 nuair a reáchtáladh imeachtaí agus seisiúin oiliúna chun feasacht chibearshlándála a thiomsú. I mí Eanáir 2025, rinneadh comhtháthú idir TF Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Seirbhísí TF COC, chun cumasú digiteach *Phlean Straitéiseach Institiúid Náisiúnta Tyndall, 2025*, a chur i gcrích.

## 12.2 Forbairtí Caipitiúla


Leanadh le roinnt tionscadal Forbartha Caipitiúla práinneach le linn bhliain na tuarascála seo agus tá dul chun cinn nach beag déanta chun plean caipitiúil airgeadais fadtéarmach a bhunú mar thaca breise le tionscadail shuntasacha nua. Lorgaíodh tairiscintí le haghaidh fhorbairt nua Institiúid Náisiúnta Tyndall ar Champas COC ar an Meal Thauidh agus táthar ag suil go gcuirfear tús leis an bplean seo an bhliain seo chugainn, faoi réir ag tacaíocht ón rialtas faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.



Cuireadh tús leis an athchóiriú ar Scoil agus Ospidéal na Fiaclóireachta i samhradh 2025, agus rinneadh infheistíocht nach beag ar fhearas ionsamhlaithe fiaclóireachta feabhsaithe chomh maith le haerú feabhsaithe agus cathaoireacha fiaclóireachta nua. Tá oibreacha eile beartaithe sna blianta atá le teacht go dtí 2028.

Tosaíocht leanúnach is ea iostas na mac léinn agus leanaimid orainn ag féachaint ar na deiseanna chun cur le hiostas na mac léinn agus é mar chuspóir againn 500 leaba a chur leis sa mheántéarma.

Dúnadh raon reatha na Muirdíge de dheasca cúinsí Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireadh ceann nua ann i samhradh 2025 agus tá na marcanna deireanacha beartaithe ann le haghaidh earrach 2026, faoi réir ag cúrsaí aimsire. Tá infheistíocht shuntasach eile in Áiréine na Muirdíge ag teacht chun críche agus Aonad Láimhseála an Aeir sa linn snámha nua curtha isteach chomh maith le scannán díonach nua agus painéil Fhótavoltacha. Tá fís nua glactha ag COC maidir le saoráidí spóirt faoin aer, agus déanfar an chéad chéim de chlár infheistíochta nua, arna mhaoiniú ag caiptíocht na mac léinn, a chur faoi bhráid an lucht pleanála sa bhliain 2026.



Raon reatha agus dromchla nua air in Áiréine na Muirdíge agus Painéil PV nua le feiceáil ar dhíon an phríomhfhoirgnimh

Laghdú
**31.7%**
ar astaíochtaí GCT

Feabhsú
**50%**
ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh

### Athchóirithe, Cothabháil agus Oibreacha Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide

Bhí bliain ghnóthach ag foireann Oifig na bhFoirgneamh agus athchóirithe riachtanacha ar bun acu chomh maith le riaráiste cothabhála a éiríonn as an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide. Thacaigh maoiniú bliantúil deontas déabhlóidithe an ÚAO le cuid mhór de na tionscadail seo. Orthu seo: cuireadh ardaitheoirí nua isteach; rinneadh uasghráduithe ar shaotharlanna; cruthaíodh Seomra Coiteann nua do Mhic Léinn in Áras an Gheata Thiar; agus rinneadh uasghráduithe ar hallaí léachta. Tugadh faoi uasghráduithe ar rialáil an Chórais Bhainistíochta Foirgnimh (BMS), méadair, soilse (lasmuigh agus laistigh), teaschaidéil, coirí agus HVAC chun dul chun cinn a chinntiú go mbainfí amach na spriocanna inár bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide go dtiocfadh laghdú 51% ar astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT) agus go dtiocfadh feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030.

## 12.3 Todhchaí Inbhuanaithe a Chinntiú

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta na hInbhuanaitheachta ar son na hAeráide, 2023-2028 in COC go dtiocfaidh laghdú 51% ar astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa faoin mbliain 2030 agus go mbainfear neodracht amach in astaíochtaí GCT faoin mbliain 2040. Faoi dheireadh na bliana 2024, bhí laghdú 31.7% bainte amach againn ar astaíochtaí GCT agus feabhsú 50% ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh. Cuireadh críoch le roinnt mórthionscadal le linn na tréimhse, lena n-áirítear córais taischaidéil in Institiúid Náisiúnta Tyndall, in Áras na Cógaisíochta agus i nGort an tSrutháin,



An tOllamh Marguerite Nyhan, Ollamh le hInnealtóireacht Inbhuanaithe, agus an tOllamh John O'Halloran MRIA, Uachtarán COC, le cainteoirí ag Fóram na hInbhuanaitheachta Niall Hatch, Ceann Cumarsáide agus Forbartha, Cairde Éanlaith Éireann; Éanna Ní Lamhna, Scríbhneoir agus Craoltóir; agus Seán Ronayne, Éaneolaí, Taifeadóir Fuaimeanna Fiadhúlra, Údar agus Gníomhaí Timpeallachta.

rud a fhágann nach bhfuil gá le gás nádúrtha sna foirgnimh sin agus tús maith curtha againn le dícharbónú iomlán. Tá COC ag féachaint ar na deiseanna uile i gcónaí chun na hoibreacha ar fad a mhaoiniú i dtreo is go mbainfimid amach ár spriocanna faoin mblian 2030.

Leanann Gréasán Réitigh Forbartha Inbhuanaithe na hÉireann (SDSN) le caidreamh láidir a chruthú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá 16 bhall in Éirinn anois. Thacaigh bainisteoir an Ghréasáin, an Dr John Barimo, leis an gcomhairliúchán faoin gcéad phlean feidhmithe eile in Éirinn maidir le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe i gcomhar leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Bunaíodh dhá mheitheal théamacha nua, "Comhéadan Polasaí Taighde" agus "Ealaíona agus Inbhuanaitheacht", agus bronnadh maoiniú comhoibrithe *Erasmus* ar an ngréasán chun tionscadal a fhorbairt ar dhícharbónú san ardoideachas.

D'óstáil Tionscadal na dTodhchaíochtaí Inbhuanaithe Fóram Thodhchaíochtaí Inbhuanaithe 2025 in COC i mí Feabhra 2025 mar a raibh ceannairí idirnáisiúnta páirteach ó chaomhnú, gnó, taighde agus na meáin chun cúrsaí aeráide agus dúshláin agus deiseanna sa dúlra a phlé. Cuireadh ar fáil san fhóram seo treo straitéiseach ar ról na n-ollscoileanna i ngníomhartha ar son na haeráide agus caomhnú an nádúir chomh maith le deiseanna chun gníomhú i gcomhar ar mhaithe leis an aeráid agus is léir go bhfuil COC chun tosaigh maidir le hinbhunaitheacht agus iarrachtaí caomhnaithe na haeráide.

Toscaireacht COC ag Cruinniú COP 29 na Náisiún Aontaithe: An Dr Barry Hayes, Sumaya Mohammed, Cian Walsh agus an Dr Fionn Rogan.

I mí na Samhna 2024, d'fhreastail toscaireacht de cheathrar mac léinn agus taighdeoirí ar Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide Chomhdháil na bPáirtithe (COP 29) in Baku na hAsarbaiseáine. Bhailigh mórchuid náisiún le chéile in COP 29 agus iarrachtaí domhanda chun srian a chur le leibhéil an athraithe aeráide á gcur i gcomparáid leis na cuspóirí atá i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, i bPrótacal Kyoto,i gComhaontú Pháras agus i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile nach iad.



I mí na Nollag 2024, cuireadh COC sa cheathrú háit ar fud an domhain (as 1,477 ollscoil) i Rangú Ollscoileanna Domhanda *UI GreenMetric*. Fágann seo gur rangaíodh COC sa chéad deich n-ollscoil ocht mbliana as a chéile.



An tOllamh John Cryan, an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta; an tOllamh Brian Ó Gallachóir, Stiúrthóir Institiúid na hInbhuanaitheachta; an tOllamh John O'Halloran MRIA, Uachtarán COC; Kevin O' Sullivan, Eagarthóir Comhshaoil agus Eolaíochta leis an Irish Times; Marie Donnelly, an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide; an Dr. Gillian Bruton, an Príomh-Oifigeach Tráchtála in Institiúid na hInbhuanaitheachta.

I mí Meithimh 2025, bhain COC gaisce iontach amach maidir lena thiomantas do thodhchaí inbhuanaithe agus seoladh Institiúid na hInbhuanaitheachta a bhí mar phríomhthionscnamh Thodhchaíochtaí COC. Tugadh An Institiúid um Thaighde Comhshaoil uirthi go dtí sin ach léiríonn an teideal nua go bhfuil curtha leis an bhfís chomhtháite maidir le taighde na hinbhuanaitheachta atá faoi réir ag croí-luachanna agus cuspóirí na hollscoile.

Bunaíodh Acadamh Inbhuanaitheachta COC i samhradh 2025 mar fhreagra gníomhach ar an riachtanas úrnua le hoiliúint agus uas-oiliúint i ngíomhaíocht inbhuanaitheachta inár lucht saothair agus sa tsochaí. Tá an t-aonad oiliúna agus oideachais san inbhuanaitheacht sin ar an gcéad aonad mar é in Éirinn agus baintear leas as saineolas 100 acadóir inbhuanaitheachta in Institiúid na hInbhuanaitheachta, COC chomh maith le foireann lárnach d'oiliúnóirí inbhuanaitheachta agus cleachtóirí tionsclaíochta a chuireann leis na cláir.

an 4ú
hollscoil is inbhuanaithe ar domhan

# 13. Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú




An tOllamh Ciara Heavin, an Dr Laura Lee, Olive Byrne, Mary Horgan, James Bilson, an tOllamh Nuala Finnegan, an Dr Tanya Watson agus Aileen Waterman.

I mí na Samhna 2024, deineadh bliain den scoth a cheiliúradh in COC ó thaobh an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Ionchuimsithe de nuair a seoladh *Ag Baile in COC: Plean Gníomhaíochta agus Creat Straitéiseach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, 2025-2028*. Chuathas i gcomhairle le baill foirne agus mic léinn agus an creat á chur le chéile mar a bhfuil cuspóirí soiléire tugtha chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn, faoi réir ag *Plean Straitéiseach COC 2023 -2028* agus chun a chuid dualgas ón Earnáil Phoiblí a chomhlíonadh. Cuireadh tús le Struchtúr Rialaithe CÉIM sa bhliain 2025 agus bunaíodh Fóram Daoine agus Cultúir maille le Fo-Choiste Comhionannais, Éagsúlachta, Ionchuimsithe agus Muintearais.

Baineadh éacht mór amach i mí an Mhárta 2025 nuair a fuair COC a chéad Ghradam Airgid *Athena Swan ó Advance HE*, mar aitheantas ar an dul chun cinn suntasach atá déanta aige maidir le comhionannas inscne



An tOllamh John O'Halloran MRIA, Uachtarán COC agus an Dr Avril Hutch, Stiúrthóir CÉI, le cainteoirí nuair a seoladh Creat Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú




agus cleachtais ionchuimsitheacha. Ghnóthaigh Scoileanna ar leith gradaim chomh maith: gradaim chré-umha do Scoil an Staidéir Shóisialta Fheidhmigh agus Scoil agus Ospidéal na Fiaclóireachta, agus ba í an Scoil Eolaíochtaí Bia agus Cothaitheacha an chéad scoil san ollscoil a fuair gradam airgid.

Ghlac COC páirt i bhfeachtas "Mná ar Bhallaí" de chuid *Accenture* a dhéanann mná ceannródaíocha a cheiliúradh. Ó 600 ainmniúchán poiblí, roghnaíodh aon bhean déag spreagúla, lena n-áirítear Edna O'Brien, Joanne O'Riordan agus Nano Nagle chomh maith le hochtar ceannairí ban sa phobal le bheith i bportáid an ghrúpa. Léireoidh na healaíontóirí coimsiúnaithe Vera Klute, Vanessa Jones, Gerry Davis agus Julianne Guine a gcuid saothar i mí na Samhna 2025.

An tUas Ann King, Oifigeach Tionscadail Athena Swan, Ball SAT; an tOllamh Stephen Byrne, DPR agus Cathaoirleach SAT; an Dr Avril Hutch,Stiúrthóir CÉI, Cathaoirleach Mheitheal SAT; An tUas Angela O'Donovan, Daoine agus Cultúr; An tUas Katarzyna (Kasia) Pyrz, Anailísí Shonraí CÉI, Ball SAT ag searmanas Dhámhachtainí Athena Swan in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt le déanaí.

## Gradam Airgid *Athena Swan*

**18**

nGradam Airgid *Athena Swan* nua ag ranna



Léiríodh cúram agus ionchuimsiú i bPolasaí COC um Chaillteanais Toircheas a seoladh i mí Mheán Fómhair 2025, an chéad pholasaí mar é in Éirinn. D'oibrigh an Grúpa Taighde um Chaillteanais Toircheas, Aonad CÉI agus Daoine agus Cultúr i dteannta a chéile chun an polasaí a fhorbairt a chuireann le tacaíochtaí teaghlaigh COC, lena n-áirítear sos torthúlachta, meanapáis agus foréigin teaghlaigh.

I mí Mheán Fómhair 2025, mar phríomh-institiúid le hOllscoil Luimnigh agus Ollscoil na Gaillimhe, sheol COC an chéad mhicri-chrediúint CÉI in Éirinn a bhuí le Ciste Feabhsaithe CÉI an ÚAO. Tá sé mar aidhm sa

Cuireann an tOllamh John O'Halloran MRIA, Uachtarán COC, fáilte roimh ealaíontóirí Mhná ar Bhallaí go dtí COC.

ghearrchúrsa seo tuiscint ar neamhionannas a chur chun cinn, cleachtais ionchuimsitheacha san áit oibre a chothú, agus cumais ghairmiúla i gceannaireacht CÉI a neartú.

Leanadh le ENGAGE, Clár Aismheantóireachta a leathnú le linn bhliain na tuarascála seo agus rinneadh comhpháirtíochtaí idir mná óga gairme agus mic léinn rochtana agus baill foirne shinsearacha ollscoile in institiúidí comhpháirtíochta chun ionchuimsiú agus forbairt cheannaireachta a chothú. Fuair ENGAGE Digiteach (2025/26) maoiniú ón ÚAO chun cur le hacmhainneacht maidir le comhionannas inscne agus meantóireacht dhigiteach.




An tOllamh Nuala Finegan, Chloe Boland, An Dr Caroline West, Elshaddai Mahuda, Celine Griffin agus an tOllamh Stephen Byrne ag an tiomantas chun an chéad bhliain den Tionscadal Slán Sabháilte a cheiliúradh.

Tá an tionscadal Slán Sábháilte de chuid COC bliain ar an bhfód anois agus oibrítear le pobal COC agus comhpháirtithe seachtracha chun feasacht a thiomsú mar gheall ar cheisteanna a bhaineann le foréigean agus ciapadh gnéasach. Faoin tionscnamh Slán Sábháilte, sheol COC a chéad Scuaid Fuaime le Mo Chara an Madra chun cur le sábháilteacht agus ionchuimsiú ar an gcampas. Óstáladh imeachtaí mar chuid den tionscadal leis ar nós Ardán Cainte na Foirne chun solas a chaitheamh ar iarrachtaí folláine an phobail agus reáchtáladh taispeántas saothair sa Mhol le críoch chóir a chur ar an gcéad chéim den tionscadal seo.

Do chuir COC leis an nasc atá aige leis an bpobal arís le linn bhliain na tuarascála seo ina chuid gréasán foirne agus anuas ar LADT+, Mná, Comhionannas Ciníocha agus Cúramóirí, seoladh gréasán Míchumais agus Néaréagsúlachta. Cuireadh tús chomh maith le comhairilúchán faoi Phleananna Gníomaíochta Comhionannais Ciníocha agus LADT+ Rinneadh Bród 2025 a cheiliúradh le Lón Bróid an Uachtaráin agus cruthaíodh Cuilt an Bhróid Bheo mar chomóradh deich mbliana ar an reifreann um Chomhionannas Pósta agus an tAcht um Inscne a Aithint.



Maeve Barrett, mac léinn COC, Cliona O'Rourke, Comhbhunaitheoir agus bainisteoir oibríochtaí MCC agus John O'Halloran, Uachtarán COC le madraí MCC Jackie, Hazel agus Polly



Cearnóg cuilte mar ealta á déanamh le haghaidh Chuilt an Bhróid Bheo le linn Lón Bróid an Uachtaráin.

# 14. Cothú

## Feachtas Tiomsaithe Airgid

Cuireadh críoch le staidéar féidearthachta tiomsaithe airgid le linn bhliain na tuarascála seo inar léiríodh go bhféadfadh COC a bheith ullamh chun feachtas tiomsaithe airgid a sheoladh faoi cheann dhá bhliain ach an t-am agus na hacmhainní a chur ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar a scéal féin, a phíblíne deontóirí, a fheidhmeannas Cothaithe, polasaí dearlaicí agus má dhéanann sé daonchairdeas ar fud na hOllscoile a leabú i gceart.






Seoladh na Tuairisce ar Thionchar an Daonchairdis, 2023-24

## Ioncam Daonchairdis

Fuair Fondúireacht Ollscoile Chorcaí €5.4 milliún ó ghealltanais na mblianta roimhe agus €8.2 milliún breise in airgead nua agus tiomantais. Ar na bronntanais ba mhó bhí ní ba mhó ná €2 mhilliún ó chistí molta deontóra ar mhaithe le taighde micribhithóim; maoiniú PhD do INFANT ó Fhéileacáin; agus maoiniú PhD ó *Walker Hearing*. Díol suntais dhá bhronntanas a fuair Rochtain COC - €400k ó Bhanc Uladh agus €278k ó Fhondúireacht JP Morgan. Fuarthas €597k ar mhaithe le hollúnacht ó *Qualcomm*, agus €324k ar mhaithe le léachtóireacht nua ó EirGrid Cpt. Fuair tionscadadal Athchóirithe Amharclann na Gráinsí faomhadh ón Roinn Dlí agus Cirt/IIP i mí Feabhra 2025 agus faoi dheireadh na bliana bhí ní ba mhó ná €2.4 milliún faighte ó dheontóirí. Cuireadh tús i mí na Nollag le post Cothaithe Shinsearaigh, arna mhaoiniú ag daonchairdeas príobháideach chun cláir alumni nua a fhorbairt atá dírithe ar an nGlúin Z.

**€8.2m**
Mar airgead agus gealltanais nua

**€5.4m**
Mar airgead ó thiomantais

## Caidreamh le Deontóirí agus Maoirseacht

Ar imeachtaí bhliain na tuarascála seo bhí Searmanas Dámhachtainí Iarchéime bliantúil san Eolaíocht Talmhaíochta de chuid Theagasc COC. I mí na Samhna 2024, reáchtáladh Taispeántas ar Thionchar an Daonchairdis do dheontóirí agus d'othair atá buíoch d'Ailse Taighde@COC chun dul chun cinn le cúig bliana anuas i dtaighde ailse a cheiliúradh atá maoinithe ag Taighde Ceannródaíoch Ailse. D'fhreastail mórdheontóirí COC ar Lón na mBronntóirí i mí Aibreáin 2025 mar ar seoladh *Tuarascáil Tionchair an Daonchairdis, 2023-24*.

## Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Rinneadh athbhreithniú, chuathas i gcomhairle agus seoladh r-shuirbhé mar bhonn eolais leis an gcead phlean san Ollscoil maidir le Páirtithe Leasmhara *Plean um Chaidreamh le Páirtithe Leasmhara* agus seoladh é le linn bhliain na tuarascála seo. Tá an Plean mar thaca leis an bhfeachtas tiomsaithe airgid agus é dírithe ar cheithre phríomhthtáscaire feidhmíochta (caidreamh ón dá thaobh le alumni; imeachtaí/eispéiris; daonchairdeas alumni/pobail; agus obair dheonach).

Seoladh an Phlean um Chaidreamh le Páirtithe Leasmhara i mí Eanáir 2025.



Sheol an Oifig Cothaithe ardán nua saoráideach le haghaidh bronnatnais ar líne, imeachtaí/teacht le chéile agus r-chumarsáid. Rineadh an nuachtlitir ar líne ráithiúil a athnuachan agus a athainmniú mar *The Bridge* agus seoladh í chuig 72,000 alumni.. Tástáladh an Plean chun Bronntanais a thabhairt le linn Teacht le chéile agus ranganna ag teacht le chéile agus tugadh síntiúis do Chiste Alumni COC, Taighde Ailse agus Rochtain COC. Bhí Fondúireacht Ollscoile Chorcaí mar chomhpháirtí le *Chapel & York US Foundation* chun bronntanais a ghlacadh ó Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Bunaíodh Bord Comhairleach Alumni Idirnáisiúnta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bPlean um Chaidreamh le Páirtithe Leasmhara. Deis a bhí i gceist sa searmanas bronnta céimeanna oinigh ar Lord David Puttnam, Jeremy Irons, Adi Roche agus Dominic Casey, chun buíochas a ghabháil le deontóirí as a gcuid tacaíochta leanúnaí, agus roinneadh an ceiliúradh leis an bpobal alumni go léir in *eagrán speisialta ar líne*. Rinneadh Cumann Chéimithe Ban COC (brainse Chorcaí d'Fhondúireacht Idirnáisiúnta na mBan Ollscoile) a athbhúnú le linn bhliain na tuarascála seo chun comóradh céad bliain a cheiliúradh. Reáchtáil an tOifigeach Alumni Óga imeacht rathúil i gcomhar le Seirbhísí na nGairmeacha d'alumni ar spéis leo meantóireacht a dhéanamh; agus bhí roinnt alumni ag bronntaí céimeanna a dúirt amhlaidh.

Mar chéad imeacht na bliana in 2025, bronnadh duaiseanna ar chéimithe nua: *Céimí na Bliana* agus *Cuimhneachán Peel*. Reáchtáladh imeachtaí alumni i bPáras, Beirlín,an Bhruiséil, Ceanada, Meicsiceo, Sydney, San Francisco agus Iacárta. Rinne *Deloitte* urraíocht ar Shraith Chainteoirí an Domhain agus ba iad na téamaí: *'Trump's World', How will Ireland and Europe react?* agus *AI: The Unstoppable Force Defining the Future of Business*. Chomh maith le hIubhaile Órga, tháinig 30 rang le chéile agus

rinne *Barden* teacht le chéile a eagrú dóibh siúd atá thar lear. Aithníodh naonúr alumni i nDámachtainí Ghaiscí na Alumni: David Merriman; Ruairi O'Mahony; an Dr Len Harty; an Dr Noel O'Mahony; Siobhán McSweeney; Michael Guinee; an Dr Linda Doyle; an Dr Pamela Byrne; agus an Dr Naomi Masheti.



An Dr Linda Doyle, Ruairí O'Mahony, Michael Guinee, Siobhán McSweeney, an Dr Naomi Masheti, David Merriman, an Dr Pamela Byrne, an tOllamh John O'Halloran MRIA, Uachtarán COC, an Dr Noel O'Mahony, an Dr Len Harty agus Kerry Bryson.


**12**
thionscadal na mac léinn a fuair maoiniú ó Chiste Alumni COC

Fuair Fondúireacht Ollscoile Chorcaí €96,000 chun tacú le Gréasán um Thrialacha Cliniciúla sa Taighde Ailse tar éis Bál na Féile Vailintín inar bailíodh airgead agus siúlóid urraithe a eagrú mar chomhartha buíochais don chúram agus cóireáil a fuair Catherine Spillane ón Ollamh Derek Power. D'eagraigh AFC Charraig Uí Leighin Lá Ceiliúrtha sa Chlub chun ómós a léiriú do Edwin Delaney (RIP), agus bronnadh an t-airgead ar Thaighde Ailse. Bhí an t-othar Mick Cuddihy an-bhuíoch agus d'óstáil se an tríú Claisic Ghailf Bhliantúil mar Imeacht Tiomsaithe Airgid i nGalfchúrsa Ráth Easpaigh, Co Loch Garman chun tacú le taighde san ailse cholaireicteach. Bhailigh Grúpa Tiomsaithe Airgid Ghalar Parkinson Mhainistir Fhear Maí airgead ó imeachtaí ina n-áit oibre chun tacú leis an gGrúpa Taighde um Ghalar Parkinson.


Cúis mhórtais d'Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí tacú le ceiliúradh ar mhic léinn ionchasacha, baill foirne agus alumni nach maireann: Ella Dalton (RIP), an Dr Ashleigh Byrne O'Brien (RIP), an Dr Meg Haugh (RIP), an Dr Catherine Molloy (RIP), an Dr Sinéad Kinsella (RIP) agus Karen Horgan (RIP). Dea-shamplaí pobail eile ab ea an t-airgead a bailíodh nuair a tháinig ranganna le chéile mar thacaíocht do Chiste Alumni COC, INFANT agus Taighde Ailse. Bhunaigh cairde agus comhghleacaithe Cal Healy duais nua i Rochtain COC agus é ag éirí as mar aitheantas dá chuid seirbhíse i gcaitheamh na mblianta. Ghnóthaigh *#GivingTuesday* 160 deontóir chun tacú le Ciste Alumni COC, agus tacaíodh dá bharr sin le 12 thionscal feabhsaithe eispéireas na mac léinn. Rinneadh caidreamh le ní ba mhó ná 700 alumni mar gheall ar an *mBróisiúr Leagáide* nua a seoladh ar Lá Idirnáisiúnta na Leagáidí i mí Mheán Fómhair 2025.

Léirítear ar an gcéad leathanach eile na bronntanais/síntiúis nua, an cineál deontóra agus réimse na tacaíochta.

## Cineál Deontóra




## Réimse na tacaíochta







Imeacht tiomsaithe airgid Ghrúpa Tiomsaithe Airigid Ghalar Parkinson Mhainistir Fhear Maí.

Faigheann mic léinn agus baill foirne teastais ó Chiste Alumni COC mar aitheantas dá dtionscadail chun feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn.



# 15. Acmhainní agus Airgeadas

### Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach - Radharc Comhdhlúite

| | 30/09/2025 |
|---|---|
| | €'000 |
| Deontas an Stáit | 110,119 |
| Táillí Acadúla | 181,966 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 131,789 |
| Amúchadh dheontais chaipitil an stáit | 10,631 |
| Ioncam oibríochta eile | 64,845 |
| Ioncam úis | 2,709 |
| Ioncam infheistíochta | 49 |
| Maoiniú iarchurtha pinsean | 62,834 |
| Bronntanais agus dearlaicí | 7,055 |
| **Ioncam iomlán** | 571,997 |
| Costais seirbhíse foirne agus pinsin | 347,677 |
| Costais oibríochta eile | 129,505 |
| Costais pinsin agus úis eile | 62,040 |
| Luachlaghdú | 23,965 |
| **Caiteachas Iomlán** | **563,187** |
| **Barrachas/(easnamh) roimh ghóthachain/chaillteanais** | **8,810** |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 5 |
| Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní/Dliteanas Fochuideachtaí | 2,539 |
| Gnóthachain/(caillteanas) ar infheistíochtaí | 471 |
| **Barrachas roimh chánachas** | **11,825** |

### Athbhreithniú ar an mBliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2025

Bliain rathúil ó thaobh an airgeadais de ab ea 2025 agus barrachas €11.8 milliún á thaifeadadh ag grúpa COC, i gcomparáid le barrachas €6.8 milliún in 2023/24.

Cuimsítear sa toradh iomlán roinnt idirbheart aonuaire, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Aontaíodh socraíocht i ndiaidh dheireadh na bliana le hárachóirí maidir le héileamh árachais Thrasnáil Ghnó Covid (BCI).
- Cuireadh críoch le beart in 2025 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chunsataíocht Forchostais Taighde. Bhí creidmheas €4.9 milliún mar thoradh iomlán ar an athbhreithniú.
- Ar an 15 Bealtaine 2025, rinneadh diúscairt ar roinnt sócmhainní agus dliteanas a bhain leis an IMI go dtí tríú páirtí. €2.5 milliún an brabús ar an diúscart sin.
- Fanann campas IMI in Áth an Ghainimh i seilbh COC i gcónaí. A bhuí le hath-aicmiú cuntasaíochta mar Mhaoin Infheistíochta bhí €2.3 milliún mar choigeartú dlíluachála luacha chóir i gceist.
- Bhí táillí laigí €4.1 milliún ar shócmhainní atá á dtógáil. An toradh ar an athbhreithniú ná go bhfuil luach inghnóthaithe na gcostas a tabhaíodh go dáta níos ísle ná an méid atá cuimsithe i sóchmhainní le linn na foirgníochta.

Ar na príomhchúiseanna le barrachas Ghrúpa COC bhí:

- Deontais Láidir an Stáit agus an t-ioncam ag fás go dtí €8.8 milliún (8.7%) arna ghríosú ag méadú ar leithdháileadh deontas aithfhillteach.
- Fás €11.5 millliún (6.8%) ar ioncam ó Tháillí Acadúla a bhuí le praghas agus meascán na mac léinn.
- Mhéadaigh COC a bhunús AE agus Neamh-AE le 3% go dtí 26,067 (ó 25,254 in 2023/2024).
- Tháinig ioncam de €131.8 milliún ó ghníomhaíocht taighde, méadú €10.9 milliún/17.7% i gcomparáid le 2023/24. Air seo bhí an coigeartú cuntasaíochta forchostas taighde aonuaire dar luach €4.9 milliún.

Téann tionchar leanúnach an bhoilscithe i bhfeidhm ar an Ollscoil i gcónaí ina cuid oibríochtaí, go háirithe costais oibríochta agus méadú €16 mhilliún (14%) i gceist.

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais

**Ráiteas ar an Staid Airgeadais don Bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2025**

| | Comhdhlúite | |
|---|---|---|
| | 2025 | 2024 |
| | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | |
| Sócmhainní Seasta | 632,979 | 673,792 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 7,202 | 8,231 |
| Sóchmhainní Oidhreachta | 3,286 | 3,219 |
| Maoin Infheistíochta | 21,000 | - |
| Infheistíochtaí | 31,367 | 30,810 |
| | **695,834** | **716,052** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Fardal | 689 | 701 |
| Infháltais | 64,489 | 70,172 |
| Infheistíochtaí | 95,967 | 50,728 |
| Airgead sa Bhanc | 94,074 | 122,604 |
| | **255,219** | **244,205** |
| **Cuntais Iníoctha: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | **(323,700)** | **(329,136)** |
| **Glandliteanais reatha** | **(68,481)** | **(84,931)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha** | **627,353** | **631,121** |
| **Cuntais Iníoctha: Méideanna atá dlite tar éis bliana amháin** | **367,331** | **382,850** |
| Dliteanas sochair scoir | 1,516,039 | 1,619,723 |
| Infháltas sochair scoir | 1,509,652 | 1,613,336 |
| Glansócmhainní iomlána | **253,635** | **241,884** |
| **Cúlchiste srianta** | | |
| Ioncam agus caiteachas – cúlchiste srianta | 32,202 | 28,972 |
| **Cúlchiste srianta** | | |
| Ioncam agus caiteachas – cúlchiste neamhshrianta | 221,433 | 212,912 |
| **Iomlán** | **253,635** | **241,884** |

- **Glansócmhainní €253.7 milliún**
- **Staid airgid (infheistíochtaí san áireamh) de €190.04 milliún ag deireadh na bliana 2025** - lena gcuimsítear táillí a íocadh roimh ré agus íocaíochtaí roimh ré ar mhaithe le Maoiniú Taighde agus Capitiúil.
- Tháinig **laghdú €9.1 milliún ar iasachtaí bainc dar luach €154 milliún** le linn na bliana airgeadais.
- **Infháltais ó bhliain go bliain:** Thiteadar go dtí €64.5 milliún ó €70 milliún na bliaina roimhe de bharr méideanna infhála i dtaca le tionscadail taighde.
- **Méideanna iníoctha atá dlite laistigh de bhliain amháin:** Laghdaidh na méideanna iníoctha ó €329.1 milliún go dtí €323.7 milliún de bharr laghdú ar iarmhéideanna taighde atá aicmithe mar dhliteanais reatha.



# 16. Fo-Chuideachtaí



Fostaíonn Saoráidí agus Seirbhísí na Mac Léinn

70

mac léinn i róil pháirtaimseartha

## Acadamh COC

Tacaíonn Acadamh COC le príomhthosaíochtaí straitéiseacha lena n-áirítear *Plean um Chaidreamh Domhanda COC, Athnuachan Branda Ghrúpa COC* agus *Grúpa na hOllscoile um Úsáid an Spáis*. Seoladh líne seirbhíse nua, i gcomhar le Seirbhísí TF, chun cumais Sonraí agus Faisnéise Gnó a sholáthar don Ollscoil, a chuirfidh le cinnteoireacht agus le pleanáil straitéiseach.

D'fhorbair Acadamh COC Plean Straitéiseach nua, tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, cliaint agus baill foirne, ina léirítear na seirbhísí dá chuid agus a ról á léiriú mar thaca le cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile.

## Saoráidí agus Seirbhísí na Mac Léinn

Bhí bliain rathúil ag Saoráidí agus Seirbhísí na Mac Léinn agus breis gníomhaíochtaí agus teacht isteach ná riamh, rud a thugann tacaíocht airgeadais bhreise don Ollscoil. Choinnigh an tIonad an leibhéal foirne agus 70 mac léinn COC fostaithe go páirtaimseartha ann i gcónaí. Rinneadh mion-athchóirithe chun feabhas a chur ar an gCaifé thuas staighre agus ar an Siopa, tháinig méadú ar an leas a baineadh as seomraí cruinnithe na mac léinn agus ar spásanna scíthe mar thaca le ról an Ionaid mar mhol pobail. A bhuí le comhpháirtíochtaí reáchtáladh campaí ealaine do mhic léinn idirnáisiúnta agus óga, rud a chuir le seirbhísí cultúrtha an champais.




## Iosatas an Champais, COC

Cuireann Iosatas an Champais, COC 1,536 leaba tithíochta inacmhainne ar fáil do mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta gar don champas, rud atá faoi réir ag tiomantas COC d'inrochtaineacht agus d'inbhuanaitheacht. Cuireann Leapacha Samhraidh COC iostas gearrthéarmach ar fáil mar thaca le cláir samhraidh, rud a chuireann le hioncam. Chuir Leapacha Samhraidh COC fáilte roimh 66,500 cuairteoir as 59 tír le linn shamhradh 2025.

## Áiléar Glucksmann

Chuir Áiléar Glucksmann fáilte roimh ní ba mhó na 100,000 cuairteoir chun féachaint ar thaispeántais cheannródaíocha a nascann cúrsaí taighde COC le cleachtas comhaimseartha na healaíne. Ar thionscnaimh na mac léinn agus na mball foirne bhí tionscadail Ollscoile Tearmainn agus ceardlanna ealaíne agus folláine eile. Cruthaíodh comhpháirtíochtaí seachtracha chomh maith le Féile Lár an tSamhraidh i gCorcaigh agus Féile Liteartha Iarthar Chorcaí. Fuarthas ardmholadh ar na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta le haghaidh an chláir coimeádaíochta agus luadh cláir cheannródaíochta rochtana agus fhor-rochtana na dánlainne inar féidir le pobail imeallaithe iad féin a chur in iúl san ealaín.

## Áiréine na Muirdíge COC

Tharla an-fhás agus an-chaidreamh in Áiréine na Muirdíge le linn bhliain na tuarascála seo, gnóthaíodh méadú 9% ar ioncam bliain ar bhliain agus rinneadh infheistíocht €2.5 milliún ar thionscadail chaipitiúla mar thaca le dícharbónú agus inbhuanaitheacht. D'éirigh leis an Áiréine laghdú 13% ar úsáid fuinnimh a bhaint amach, agus rinneadh an laghdú sin, atá faoi réir ag cuspóirí inbhuanaitheachta na hOllscoile, a cheiliúradh ag Dámhachtainí Aitheantais Fhoirne Ghnólachtaí Camapis COC. 67% ab ea caidreamh na mac léinn le hÁiréine na Muirdíge, agus bhain dhá thrian de mhic léinn leas as na saoráidí ann. Ina theannta sin, cuireadh seirbhísí ardfheidhmíochta ar fáil ann do 350 lúthchleasaí chomh maith le tacaíocht mhór agus saoráidí do 21 club spóirt faoi dhíon.

D'fháiltigh an Áireine roimh 89 bunscoil le linn bhliain na tuarascála seo, rud a léirigh áiseanna COC agus a chuir spreagadh ar fáil do ghlúnta óga. Rinneadh comhoibriú le Daoine agus Cultúr COC i dtionscnaimh folláine na foirne. Tháinig méadú nach beag ar chaidreamh digiteach le linn bhliain na tuarscála, agus féachadh ar fhíseáin 1.5 milliún uair, nó tionchar 65%, agus dob iad mic léinn COC an lucht féachana ba mhó.

Cuireann Iostas an Champais, COC

1,536

leaba inacmhainne ar fáil

Bíonn

>100,000

cuairteoir ag an Glucksman gach bliain

Tacaíonn Áiréine na Muirdíge,COC le

350

lúthchleasaí ardfheidhmíochta

# 17. Rialachas



Tacaíonn an Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla (OCLA) leis an Údarás Rialaithe (ÚR), chun rialachas éifeachtach a chinntiú san ollscoil go léir agus sna fo-chuideachtaí. Tugadh faoi athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an choiste chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coistí dírithe mar is ceart agus go bhfuil ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh. Cuireadh tairseacha airgeadais i bhfeidhm, a tháinig ón ÚR go dtí a chuid coistí mar chúnamh le cinnteoireacht éifeachtúil agus thráthúil. Chuathas i mbun athbhreithniú éifeachtachta ar an ÚR agus cuireadh moltaí i bhfeidhm chun cleachtais rialachais a neartú. Cuireadh tús le pleanáil straitéiseach chláir oibre chruinnithe an ÚR chun deimhin a dhéanamh de go ndíreofaí ar thosaíochtaí institiúideacha agus ar thionscnaimh fhadtéarmacha.

Tacaíonn OCLA le rialachas fho-chuideachtaí COC chomh maith, ag bainistiú ionduchtú na stiúrthóirí nua ar gach eintiteas. Rinneadh ceapacháin inar díríodh ar scileanna aonair a bhí faoi réir ag riachtanais an bhoird, rud a chur le maoirseacht agus éifeachtúlacht oibríochtúil. Cinntíodh comhlíonadh reachtúil le clárú tráthúil CRO agus RBO.

Tá turas COC chun Cartlann Dhigteach faoi lán seoil. I gcomhar le Seirbhísí TF, tá an chéad chéim déanta ag OCLA chun daingean leictreonach píolótach a chruthú in Oifig an Uachtaráin. Thacaigh an Oifig le hInstitiúid Náisiúnta Tyndall agus comhaontuithe á ndréachtú chun páirt a ghlacadh in dhá Líne Phíolótacha *Chips JU*, comhthionscnamh idir baill stáit an AE agus an earnáil phoiblí chun borradh a chur faoi thionscal na leathsheoltóirí san Eoraip.

Chuireamar lenár gcuid cúrsaí oiliúna sa chomhlíonadh faisnéise agus reáchtálamar dhá sheisiún d'Fhoireann Ceannais na hOllscoile ar Chinnteoirí Saorála Faisnéise agus ar Sháruithe Sonraí RGCS. Óstáladh dhá sheisiún ar Sháruithe Sonraí RGCS le haghaidh Bainisteoirí. Soláthraíodh físeáin shaincheaptha do thaighdeoirí cliniciúla agus sóisialta chun tuiscint a fháil ar Rialaitheoirí Sonraí, Comh-Rialaitheoirí Sonraí, Próiseálaithe Sonraí agus chun Measúnuithe Tionchair Sonraí Príobháideachais a chomhlánú.

I mBainistíocht Riosca Fiontair, seoladh córas bainistíochta nua le haghaidh drón agus cláraíodh príomh-eintitis COC le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus bunaíodh Coiste Maoirseachta. Cuireadh tús i mí Mhéan Fómhair 2025 le Tionscadal chun Radón faoi Dhíon a Thomhas mar fhreagra ar mhór-riachtanais rialála sábháilteachta. I mbainistiú ceimicí, tá tús curtha le straitéis chuimsitheach ceimicí lena n-áirítear diúscairt mhór ceimicí, stóras feabhsaithe, réitigh TF agus oiliúint foirne.

D'fhoisigh COC a Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta uasdátaithe i Meitheamh 2025 agus cuimsíodh ann sainmhínithe athbhreithnithe ar phríomhróil chun cur lena thiomantas do thimpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil. Mar chuid de na hathchóirithe ar an mbainistíocht riosca, tá measúnú riosca léiritheach déanta ar rioscaí uile ar leibhéal na hollscoile agus táid curtha le Clár Rioscaí COC.

## 17.1 Ballraíocht an Údaráis Rialaithe

| 1 Deireadh Fómhair 2024- 30 Meán Fómhair 2025 | |
|---|---|
| Cathaoirleach | An tUas Sean O' Driscoll |
| Inmheánach | An tOllamh John O'Halloran, MRIA |
| Tofa go hInmheánach | An tOllamh Josephine Hegarty<br>An Dr Edward Lahiff<br>An tUas Brian Bugler |
| Roghnaithe go hInmheánach | An tOllamh Geraldine Boylan, MRIA<br>An tOllamh Stephen Byrne |
| Aontas na Mac Léinn* | An tUas Katie Halpin-Hill, Uachtarán go dtí mí Bealtaine 2025<br>An tUas Alex Angland, an tOifigeach Tráchtála agus Tiomsaithe Airgid go dtí mí Bealtaine 2025, Uachtarán ó mhí Meithimh 2025<br>An tUas Shah Kamal, Ionadaí Iarchéime<br>An tUas Niamh Domoney, an tOifigeach Tráchtála agus Tiomsaithe Airgid ó mhí Meithimh 2025 |
| Roghnaithe go Seachtrach | An tUas Barbara Creagh<br>An tUas John Fitzgibbons<br>An tUas Sylvia Fouhy<br>An tUas Margaret Lane<br>An Dr Francis O' Sullivan |
| Roghnaithe ag an Aire | An tUas Rose McHugh<br>An tOllamh Maeve Conrick<br>An tOllamh Brendan O'Leary |

** Ní rachaidh téarma oifige ionadaithe na mac léinn ar aghaidh níos faide ná bliain amháin.*



## 17.2 Acht na dTeangacha Oifigiúla


Tá Coláiste na hOllscoile Corcaigh (COC) meáite ar a dhualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigúla (Leasú), 2021 (ATO) a chomhlíonadh. Tá an tOllamh Pádraig Ó Macháin, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha agus Ollamh le Nua-Ghaeilge, ceaptha in áit Nora Geary, an Rúnaí Corparáideach, faoi Mhír 4B ATO 2021 chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh ar oibleagáidí COC. Ní bhfuarthas aon ghearáin le linn bhliain na tuarascála seo.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí comhlíontachta a rinne COC le linn 2024/25:

a. Ceapadh a ceathair déag de Sheaimpíní Gaeilge ó réimsí léinn, riaracháin agus seirbhíse ar fud COC agus iad freagrach as feasacht a thiomsú agus comhlíonadh a mhaoirsiú maidir le ATO laistigh dá réimsí féin.

a. Chomheagraigh foireann lárnach na Margaíochta feachtas saincheaptha Gaeilge i mí na Nollag 2024, ina raibh fógraí ar TG4 agus ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, lenar cinntíodh comhlíonadh COC leis an riachtanas chun 5% a chaitheamh ar na meáin i nGaeilge.

c. D'eisigh foireann na Margaíochta Leabhar Branda COC ina gcuirtear lógó amháin le haghaidh COC chun cinn agus an Ghaeilge suite san áit cheart de réir na reachtaíochta. Tá stáiseanóireacht agus sínithe r-phoist á n-uasdátú de réir mar is cuí, agus tá an lógó nua, faoi réir ag an ATO, á úsáid i gcumarsáid agus i ngnóthaí poiblí uile na hOllscoile.



# 18. Tuarisciú Áirithe ar na Meáin



An tOllamh John O'Halloran MRIA, Uachtarán COC; Kerry Bryson, stiúrthóir Forbartha Gnó agus Cothaithe; Orla Dolan POF Breakthrough Cancer Research; agus Roisin Connolly, cathaoirleach Thaighde Ailse @COC; ag Taispeántas ar Thionchar Daonchairdis COC. Le feiceáil san Irish Examiner agus san Echo. Grianghraf le Ger McCarthy.


Dar le *Vuelio* a dhéanann faireachán ar na meáin, luadh Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus a chuid cleamhnaí 19,000 uair ar líne, i gcaoltóireacht agus ar na meáin chlóite le linn bhliain na tuarascála seo.

## Selected media highlights include:

- Rinneadh tuairisciú idirnáisiúnta ar an Ollamh Jens Walter, a bhí i gceannas ar staidéar mar gheall ar aiste bhia a fhorbairt, atá bunaithe ar aistí bia i sochaithe neamh-thionsclaithe. Tháinig sé chun solais sa staidéar seo go bhféadfaí an riosca a laghdú maidir le galair ainsealacha áirithe:MailOnline, Times of India, Science Daily, an New York Post, the UK Independent, the Telegraph, the Mirror UK, The Conversation, Good Housekeeping agus ABC News in Australia.

- Chuir COC toscaireacht chuig COP29 arís agus scríobh ár dtoscairí sleachta dialainne ar COP29 san Irish Examiner agus taispeánadh iad ar roinnt comhlachtaí meán leis. Chuir George Lee agallamh ar Chian Walsh, mac léinn dara bliain i Rialtas agus Eolaíocht Pholaitiúil le hagaidh RTÉ Six One News.

- Bhí Sumaya Mohammed, scoláire Dlí na chéad bhliana ar Today le Claire Byrne ar RTÉ Radio 1. Chuir an *Irish Times* spéis san agallamh a dhein sí agus chuir siad an tUas Mohammed ar a liosta '*Ones to Watch*' le haghaidh na bliana 2025.




- Léiríodh i dtaighde faoi stiúir an Dr Valentina Rossi ar chríon-bhultúr ó Lár na hIodáile den chéad uair riamh gur féidir le carraig bholcánach sonraí micreascópacha i gcleití a chaomhnú. Roinneadh an scéal seo ar anBBC, Science Daly, The Conversation, The Irish Independent, the Irish Examiner, The Jerusalem Post agus in áiteanna eile nach iad.


- Bhí Sean O'Driscoll, Cathaoirleach ar an Údaras Rialaithe i gceannas ar chur chun cinn chaidreamh gnó na hollscoile le linn bhliain na tuarascála seo agus alt tuairimíochta dá chuid san Irish Examiner go bhfuil sé riachtanach d'ollscoileanna Éireannacha cur leis an gcaidreamh a dhéanann siad leis an earnáil ghnó.

- Do bhí an tOllamh Barry O'Sullivan, Scoil na Ríomheolaíoch-ta ar na meáin go minic chun plé a dhéanamh ar AI, lena n-áirítear sliocht san *Examiner* dar teideal ChatGPT is not your friend.

- Deineadh tuairisciú ar na meáin náisiúnta ar staidéar INFANT ar uireasa iaidín i measc ban torrach lena n-áirítear an Irish Independent agus The Irish Times.

- Rinneadh clár iomlán de *Mooney Goes Wild* ar RTÉ Raidio 1 maidir le Fóram na dTodhchaíochtaí Inbhuanaithe, COC i mí Feabhra 2025. Ar na daoine a ghlac páirt sa chlár bhí mic léinn eolaíochta, polasaí agus ealaíon COC atá ag gníomhú ar son todhchaí inbhuanaithe.

- D'óstáil Fondúireacht Ollscoile Chorcaí agus Taighde Ailse @ COC an chéad Taispeantas ar Thionchar Daonchairdis COC mar cheiliúradh ar chúig bliana de thacaíocht daonchairdis ó *Breakthrough Cancer Research*, a ndearnadh trácht dó sna heagráin chlóite den *Irish Examiner* agus an *Evening Echo.*



Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

Oifig an Uachtaráin

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Bóthar an Choláiste,
Corcaigh, T12 K8AF